

**LEAGAN COMHDHLÚITE DEN
GHLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE
DO GHNÍOMHAIRÍ AR CONRADH sna grúpaí feidhme agus sna próifílí seo a leanas:**

TAGAIRT	PRÓIFÍL	FEIDHM GRÚPA FEIDHME (FG)
EPSO/CAST/P/1/2017	Airgeadas	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/2/2017	Airgeadas	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/3/2017	Bainistiú clár agus tionscadal	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/4/2017	Bainistiú clár agus tionscadal	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/5/2017	Airgeadas	Grúpa Feidhme II
EPSO/CAST/P/6/2017	Rúnaithe/Cléirigh	Grúpa Feidhme II
EPSO/CAST/P/7/2017	Acmhainní daonna / Riarachán	Grúpa Feidhme II
EPSO/CAST/P/8/2017	Acmhainní daonna / Riarachán	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/9/2017	Acmhainní daonna / Riarachán	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/10/2017	Cumarsáid	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/11/2017	Cumarsáid	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/12/2017	Gnóthaí polaitiúla/ Beartais an Aontais Eorpaigh	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/13/2017	Gnóthaí polaitiúla/ Beartais an Aontais Eorpaigh	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/14/2017	Dlí	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/15/2017	Dlí	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/16/2017	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/17/2017	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/18/2017	Oibríthe tacaíochta láimhe agus riaracháin	Grúpa Feidhme I
EPSO/CAST/P/19/2018	Oibríthe cúraim leanaí	Grúpa Feidhme II
EPSO/CAST/P/20/2018	Síceolaithe oideachais	Grúpa Feidhme IV
EPSO/CAST/P/21/2019	Profléitheoirí	Grúpa Feidhme III
EPSO/CAST/P/22/2019	Aistritheoirí	Grúpa Feidhme IV

Ní glao nua ar léiriú spéise atá sa leagan comhdhlúite seo ach leagan ina bhfuil na ceartúcháin agus na hagusíní ionas gur fusa a bheidh sé é a léamh agus a thuiscint. Clúdaíonn sé an méid seo a leanas:

- *An chéad leagan den ghlaó ar léiriú spéise a foilsíodh an [5 Eanáir 2017](#).*
- *Na ceartúcháin a foilsíodh ar na dátaí seo a leanas:*
 - [13 Meitheamh 2017](#)
 - [27 Iúil 2018](#)
- *Na hagusíní a foilsíodh mar a leanas:*
 - [EPSO/CAST/P/18/2017 : 16 Deireadh Fómhair 2017](#)
 - [EPSO/CAST/P/19/2018 : 16 Aibreán 2018](#)
 - [EPSO/CAST/P/20/2018 : 26 Meán Fómhair 2018](#)
 - [EPSO/CAST/P/21/2019, EPSO/CAST/P/22/2019:8 Eanáir 2019](#)

TABHAIR DO D'AIRE nach gcuirtear san áireamh leis an leagan comhdhlúite seo an agusín a fhoilsítear an 10 Márta 2022 lena gcuirtear próifílí 'bainistithe foirgneamh' leis

an nGlaio ar Léiriú Spéise: [EPSO/CAST/P/23/2022](#), [EPSO/CAST/P/24/2022](#), [EPSO/CAST/P/25/2022](#).

***Beidh an glaio seo ar oscailt le haghaidh clárú ón 5 Eanáir 2017.
Níl aon sprioc-am le hiarratas a dhéanamh (mura bhfuil a mhalairt ráite ar shuíomh gréasáin EPSO https://epso.europa.eu/home_ga).***

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú próiseas roghnúcháin nach bhfuil dáta clabhsúir aige, chun liosta iarrthóirí a thiomnú óna bhféadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (<http://europa.eu/about-eu/institutions-bodies/>) gníomhairí ar conradh a earcú sna réimsí atá luaite thuas.

Is iad an glaio seo ar léiriú spéise agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar phróifíl amháin nó níos mó, agus/nó ar ghrúpa feidhme amháin nó níos mó, ar choinníoll go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha amach thíos. Moltar go láidir duit na próifílí agus na grúpaí feidhme a roghnú is mó atá ag teacht leis an oideachas agus an taithí atá agat.. Ní hionann cuid mhór iarratas a chur isteach agus an seans a mhéadú go réamhroghnófar thú.

Is conarthaí le haghaidh poist sa Bhruiséil agus i Lucsamburg is mó a thairgfear. Is féidir go mbeidh líon beag conarthaí le fáil i gcathracha eile san Aontas Eorpach agus i dtoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain. Is féidir go mbeidh gníomhairí ar conradh i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh faoi réir rialacha beartais soghluaisteachta.

Tá coinníollacha oibre gníomhairí ar conradh leagtha síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, (féach <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20110101:EN:PDF> caibidil IV, lch. 215).

Tá an Coimisiún Eorpach ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an gCinneadh ón gCoimisiún an 2 Márta 2011 maidir leis na forálacha ginearálta lena rialaítear coinníollacha fostaíochta gníomhairí ar conradh atá fostaithe ag an gCoimisiún faoi théarmaí Airteagal 3a agus Airteagal 3b. A luaithe a ghlacfar na forálacha cur chun feidhme ginearálta, tairgfear conradh do na hiarrthóirí ar éirigh leo ar bhonn na bhforálacha nua. Is féidir go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile próisis athbhreithniúcháin den chineál céanna¹.

Cuireann líon mór iarrthóirí ardháilithe isteach ar na glaonna ar léiriú spéise do ghníomhairí ar conradh. Dá bhrí sin, de na daoine ar fad a dhéanann iarratas, is gnách gur beag an líon a chuirtear ar an ngearrliosta, a chuirtear faoi scrúdú, a chuirtear faoi agallamh agus a dtairgtear post dóibh.

¹ Glacadh na forálacha cur chun feidhme ginearálta nua an 16 Deireadh Fómhair 2017 ([\(Cinneadh C\(2017\) 6760 ón gCoimisiún\)](#))

DUALGAIS AN PHOIST

Is faoi mhaoirseacht oifigeach nó baill foirne sealadacha a dhéanann gníomhairí ar conradh a gcuid dualgas. Tá tuilleadh eolais ar dhualgais an phoist in [IARSCRÍBHINN I](#).

NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh nuair a bheidh siad ag bailíochtú a n-iarratais:

COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

- A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh
- Aon oibleagáidí i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, réadmhaoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

COINNÍOLLACHA SONRACHA – TEANGACHA

- Teanga 1: leibhéal C1 ar a laghad i gceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh
- Teanga 2: leibhéal B2 ar a laghad sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis; an teanga a roghnófar mar theanga 1, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.

Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: BG (Bulgáiris), CS (Seicis), DA (Danmhairgis), DE (Gearmáinis), EL (Gréigis), EN (Béarla), ES (Spáinnis), ET (Eastóinis), FI (Fionlainnis), FR (Fraincis), GA (Gaeilge), HR (Cróitis), HU (Ungáiris), IT (Iodáilis), LT (Liotuáinis), LV (Laitvis), MT (Máltais), NL (Ollainnis), PL (Polainnis), PT (Portaingéilis), RO (Rómáinis), SK (Slóvaicis), SL (Slóivéinis), SV (Sualainnis).

Tá tuilleadh eolais i dtaobh leibhéil teanga i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha s (<https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>)

[Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN II ar úsáid teangacha i gcomórtais an Aontais Eorpaigh.](#)

COINNÍOLLACHA SONRACHA – CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ OIBRE:

Grúpa Feidhme I:

- an t-íosleibhéal oideachais is gá: an t-oideachas éigeantach críochnaithe go rathúil.

Grúpaí Feidhme II agus III:

- leibhéal oideachais iar-mheánscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr; nó
- leibhéal oideachais meánscoile, ar baineadh dioplóma amach dá bharr lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile, agus 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre iomchuí; nó

- i gcás ina mbeidh údar maith leis, ar mhaithe leis an tseirbhís, oiliúint ghairmiúil nó taithí oibre ar a chothrom de leibhéal.

Grúpa Feidhme IV:

- leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile, 3 bliana ar a laghad, agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr; nó
- i gcás ina mbeidh údar maith leis, ar mhaithe leis an tseirbhís, oiliúint ghairmiúil ar a chothrom de leibhéal.

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis Ballstáit den Aontas Eorpach nó le cáilíochtaí a aithníonn na húdaráis sin a bheith comhionann leo. Ina theannta sin, sula n-earcófar thú, iarrfar ort na doiciméid is gá a sholáthar chun go bhféadfar an t-eolas atá tugtha i d'iarratas a sheiceáil agus d'incháilitheacht a dhearbhú (dioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile).

COINNÍOLLACHA SONRACHA (POIST I dTOSCAIREACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH AMHÁIN)

Is féidir go mbeidh an t-earcú faoi réir réiteach slándála a dhéanfaidh údarás slándála náisiúnta an iarrthóra.

CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ?

Réamhroghnú: cuardaíonn na seirbhísí earcaíochta bunachar sonraí na n-iarrthóirí atá cláraithe

De réir mar is gá, cuardaíonn na seirbhísí earcaíochta liosta na n-iarratas agus déanann siad gearrliosta de líon áirithe iarrthóirí is fearr a oireann, de réir an eolais atá tugtha ina n-iarratas, do dhualgais an phoist atá i gceist.

2) Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO. Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Má chuirtear d'ainm ar an ngearrliosta, tabharfar cuireadh duit sraith de thrialacha ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh in ionad trialacha creidiúnaithe, mar atá leagtha amach sa tábla thíos: Gheobhaidh tú, i do chuntas EPSO, tuilleadh teoracha maidir leis na trialacha.

Tabhair do d'aire nach n-eagróidh EPSO **aon triail inniúlachtaí** le haghaidh **Ghrúpa Feidhme I**.

Sá tábla thíos tá tuilleadh eolais faoi na cineálacha éagsúla trialacha atá ann. Má bhíonn deacrachtaí agat an tábla seo a léamh agus teicneolaíochtaí cúnata in úsáid agat, cliceáil ar [IARSCRÍBHINN IV](#) – leagan téacs i bhformáid sholáite.

Triail	Teanga	Líon ceisteanna	Fad ama	Pasmharc	Má éiríonn leat, beidh do thorthaí bailí go ceann
I) Trialacha réasúnaíochta					
Réasúnaíocht bhriathartha	L1	20	35 nóiméad	10/20	10 mbliana
Réasúnaíocht uimhriúil	L1	10	20 nóiméad	An dá cheann le chéile	
Réasúnaíocht theibí	L1	10	10 nóiméad	10/20	

II) An triail inniúlachtaí						
An triail inniúlachtaí	L2	25	50 nóiméad	Grúpa Feidhme II agus Grúpa Feidhme III 13/25	Grúpa Feidhme IV 16/25	5 bliana

III) Triail tuisceana teanga						
Triail tuisceana teanga	L2	12	30 nóiméad	Grúpa Feidhme III 6/12	Grúpa Feidhme IV 7/12	5 bliana

I gcás na bpróifílí do phrofléitheoirí agus d'aistritheoirí, déan deimhin de gurb í do sprioctheanga a roghnaigh tú mar theanga 1 le haghaidh na dtrialacha réasúnaíochta (i.e. an Fhraincis más profléitheoir nó aistritheoir Fraincise thú, an Ghearmáinis más profléitheoir nó aistritheoir Gearmáinise thú, etc.)

Má éiríonn na trialacha leat, beidh na torthaí bailí go ceann tréimhse áirithe ionas nach mbeidh ort na trialacha sin a dhéanamh arís. Maidir le bailíocht na dtorthaí:

- Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat, beidh na torthaí bailí go ceann 10 mbliana i gcás na ngrúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme is ísle.
- Má éiríonn na trialacha inniúlachtaí leat, beidh na torthaí bailí go ceann 5 bliana i gcás na próifíle a roghnaigh tú sna ngrúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme níos ísle.

Mura n-éirí na trialacha leat, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit athuair chuig triail a bhaineann leis an ngrúpa feidhme céanna nó le grúpa feidhme atá níos airde ná é go ceann 6 mhí.
- Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit an triail don ghrúpa feidhme céanna nó do ghrúpa feidhme níos airde sa próifíl chéanna a dhéanamh arís go ceann 6 mhí. Leanfaidh na torthaí a ghnóthaigh tú sna trialacha réasúnaíochta de bheith bailí (féach thuas).

Na marcanna a ghnóthóidh tú sna trialacha roghnúcháin do na grúpaí feidhme is airde, beidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is ísle freisin. Ar an taobh eile, na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is ísle, ní bheidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is airde. Má éiríonn trialacha réasúnaíochta an ghrúpa feidhme is airde leat, beidh an toradh sin bailí i gcás na bpróifílí uile sa ghrúpa feidhme sin agus sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é. Má éiríonn triail inniúlachtaí an ghrúpa feidhme is airde leat, ní bheidh an toradh sin bailí ach i gcás na próifíle céanna sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é.

An toradh a ghnóthófar i dtriail inniúlachtaí próifíle amháin, ní bheidh sé bailí i gcás próifíl eile.

Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha réasúnaíochta a dhéanamh i ngrúpa feidhme níos ísle le linn na tréimhse sin. Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí le haghaidh na próifíle céanna sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa

feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha inniúlachtaí na próifíle céanna a dhéanamh le haghaidh grúpa feidhme atá níos ísle ná é nó le haghaidh próifíl eile le linn na tréimhse sin.

Chun bheith incháilithe don earcaíocht, ní mór duit pas a ghnóthú sna trialacha in dhá theanga éagsúla ar a laghad, sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é. Tá feidhm ag na riachtanais teanga IS CUMA cén cineál trialacha réasúnaíochta nó inniúlachtaí atá i gceist. Is ionann sin agus a rá nach féidir cuireadh chun agallaimh a thabhairt duit de bhun pointe 3 den ghlaio seo agus tú a earcú ina dhiaidh sin ach amháin

- má ghnóthaigh tú pas i dtrial réasúnaíochta amháin ar a laghad agus i dtrial inniúlachtaí amháin ar a laghad sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é,

AGUS

- má d'éirigh dhá cheann de na trialacha sin ar a laghad leat i dteangacha éagsúla, fiú más é an t-aon chineál amháin trialach a bhí i gceist leis an dá thrial sin (i.e. réasúnaíocht nó inniúlachtaí).

Mar shampla:

d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat (agus tá do scór bailí fós, mar atá luaite thuas), ach theip ort sa trial inniúlachtaí do phróifíl 1.

Má dhéanann tú iarratas ansin ar phróifíl 2 sa ghrúpa feidhme céanna agus an teanga ina raibh do thrialacha réasúnaíochta le haghaidh próifíl 1 a roghnú mar theanga thrial inniúlachtaí próifíl 2, fágfaidh sin go mbeidh ort dhá thrial próifíl 2 (an trial réasúnaíochta agus an trial inniúlachtaí) a dhéanamh arís de bharr riail an dá theanga.

Chun pas a fháil sna trialacha réasúnaíochta, ní mór duit an pasmharc a ghnóthú sa réasúnaíocht bhriathartha agus sa réasúnaíocht uimhriúil agus theibí le chéile. Ní mharcálfar na trialacha inniúlachtaí ach má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat.

Ní gá gurb ionann an tréimhse 6 mhí a bheith istigh agus ceart a bheith agat na trialacha a dhéanamh arís. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh duit na trialacha a dhéanamh, má réamhroghnaíonn na seirbhísí earcaíochta thú don fholúntas sin nó d'fholúntas eile, agus sa chás sin amháin.

3) Trialacha earcaíochta arb é atá iontu agallamh agus cineálacha meastóireachta eile atá roghnach

Má éiríonn trialacha réasúnaíochta **Ghrúpa Feidhme I**, leat, is féidir go dtabharfar cuireadh chun agallaimh agus chun trial inniúlachtaí duit, trialacha a eagróidh na seirbhísí earcaíochta. Is é is aidhm do na hagallaimh/trialacha sin do Ghrúpa Feidhme I, measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá tú don phost atá i gceist agus is féidir gur trialacha scríofa nó béil, trialacha praiticiúla nó ionsamhlaithe a bheidh iontu. Cuirfidh na seirbhísí earcaíochta ar an eolas thú faoi phríomhghnéithe na dtrialacha agus na n-agallamh sin roimh réidh, más infheidhme.

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta agus an trial inniúlachtaí le haghaidh **Ghrúpaí Feidhme II, III agus IV**, leat, tabharfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh chun agallaimh le bord roghnúcháin duit chun go ndéanfar measúnú ar a oiriúnaí atá do cháilíochtaí, do thaithí oibre agus an t-eolas atá agat ar theangacha do dhualgais an phoist. I gcásanna áirithe, féadfaidh na seirbhísí earcaíochta iarraidh ort cineálacha eile meastóireachta a dhéanamh, e.g. trial scríofa, trial phraiticiúil nó ionsamhlú.

I gcás EPSO/CAST/P/21/2019 Profléitheoirí (Grúpa Feidhm III) agus EPSO/CAST/P/22/2019 Aistritheoirí (Grúpa Feidhm IV), tabhair do d'aire go n-iarraídh na seirbhísí earcaíochta ort, sa

Choimisiún Eorpach go sonrach, trialacha breise aistriúcháin nó profléitheoireachta a dhéanamh sula n-earcófar thú.

4) Earcú

Na hiarrthóirí sin ar éirí céimeanna 1, 2, agus 3 leo, is féidir go bhfaighidh siad tairiscint fhoirmiúil poist.

IARRATAS A DHÉANAMH: CATHAIN, CONAS AGUS CÁ HÁIT

Is ar líne nach mór iarratas a dhéanamh, féach: <http://jobs.eu-careers.eu>.

Chun a léiriú go bhfuil spéis agat fós sa phróiseas roghnúcháin i gceist, ní mór duit *d'iarratas a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí ar a laghad*. Mura ndéana tú sin, scoirfidh do chuid sonraí de bheith le feiceáil ag na seirbhísí earcaíochta.

CÉN CHAOI A RACHAIDH EPSO I dTEAGMHÁIL LIOM?

Cuirfear eolas faoi na trialacha ilrogha ar ríomhaire, an cuireadh san áireamh, chuig do chuntas EPSO. Ba cheart duit breathnú i do chuntas dhá uair sa tseachtain ar a laghad.

Má bhíonn ceisteanna ar leith agat, ba cheart duit breathnú ar [eu careers](http://eu-careers) nó teagmháil a dhéanamh linn ag https://epso.europa.eu/help_en.

AN CHAOI A RACHAIDH NA GNÍOMHAIREACHTAÍ FEIDHMIÚCHÁIN I dTEAGMHÁIL LIOM

Cuirfear eolas faoi thrialacha earcaíochta, an cuireadh san áireamh, chuig an seoladh ríomhphoist a thug tú i do chuntas EPSO. Is féidir go bhfaighidh tú cuirí ó sheirbhísí earcaíochta éagsúla.

FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN

De réir phrionsabal na córa comhionainne, má fhaightear amach ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas EPSO amháin nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, luafaidh EPSO an stádas "níl an t-iarrthóir seo ar fáil" le do chuntas agus mairfidh an stádas sin go ceann bliana.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois. Ní mór d'aon duine atá institiúidí an Aontais Eorpaigh ag dul a earcú a léiriú go bhfuil siad sár-ionraic iontaofa.

CÉN CHAOI AR FÉIDIR LIOM NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNITHE NÓ ACHOMHAIRC A IARRAIDH?

Féach pointe 6 d'Iarscríbhinn III "Na Rialacha Ginearálta maidir le Gníomhairí ar Conradh a roghnú"

CAD IS CEART A DHÉANAMH MÁ TÁ SOCRUITHE SPEISIALTA DE DHÍTH ORM?

Cuireann EPSO beartas comhdheiseanna i bhfeidhm i ngach próiseas roghnúcháin dá chuid, d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcaitear le gach iarrthóir ar an dóigh chéanna.

Déanann EPSO gach beart is réasúnta chun deimhin a dhéanamh de gur féidir le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu páirt a ghlacadh i bpróisis roghnúcháin ar comhchéim le hiarrthóirí eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó más rud é go bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil tú bac a chur ort na trialacha a dhéanamh, luaigh sin i d'iarratas ar líne agus abair cé na cineálacha socruithe speisialta atá de dhíth ort. **Má thagann míchumas ort nó athrú ar anriocht sláinte ina**

bhfuil túle linn an phróisis roghnúcháin, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir é de réir an eolais thíos.

Tabhair do d'aire:

1. Ní mór duit, chun go gcuirfear d'iarratas san áireamh, teastas ó chomhlacht stáit de chuid do Bhallstáit nó teastas dochtúra a thabhairt do EPSO. Scrúdófar do chuid doiciméad tacaíochta sa chaoi is go bhféadfar freastal réasúnta a dhéanamh ort, más gá, chun é a chur ar do chumas na trialacha roghnúcháin a dhéanamh.
2. Má thugtar cuireadh chun trialach duit, ar cuid de agallamh nó triail eile a eagraíonn na seirbhísí earcaíochta (seachas EPSO), déan deimhin de go gcuireann tú ar an eolas go díreach iad faoi na riachtanais speisialta.

Tá gach eolas is gá ar fáil san fhoirm iarratais agus ar shuíomh gréasáin EPSO.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le foireann inrochtana EPSO:

Ríomhphost: EPSO-accessibility@ec.europa.eu, nó

Facs: +32 2 299 80 81 nó

Tríd an bpost:

An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)
EPSO accessibility
L-107, 1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG

IARSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LEIS AN GLAO SEO AR LÉIRIÚ SPÉISE

- IARSCRÍBHINN I – DUALGAIS
- IARSCRÍBHINN II – TEANGACHA
- IARSCRÍBHINN III – NA RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH A ROGHNÚ (CAST)
- IARSCRÍBHINN IV – EOLAS BREISE AR NA TRIALACHA AR RÍOMHAIRE I bhFORMÁID SHOLÉITE

IARSCRÍBHINN I – DUALGAIS

Ní hionann na príomhdhualgais i ngach seirbhís i gcónaí, ach is féidir go mbeidh siad seo orthu:

AIRGEADAS (GRÚPA FEIDHME III)

- Tionscnamh agus/nó fíorú airgeadais, tacaíocht airgeadais
- Tacaíocht i dtaobh glaonna ar thograí/tairiscintí
- Faisnéis airgeadais a bhainistiú
- Cuidiú a thabhairt bainistiú cuntasáochta a dhéanamh
- Cuidiú a thabhairt bainistiú iniúchóireachta a dhéanamh

AIRGEADAS (GRÚPA FEIDHME IV)

- Pleanáil agus monatóireacht buiséid/airgeadais
- Faisnéis agus tuairisciú ar an mbuiséad/faisnéis agus tuairisciú airgeadais
- Comhordú buiséadach/airgeadais agus comhairle bhuiséadach/airgeadais
- Anailísiú agus tuairisciú ar an mbuiséad/anailísiú agus tuairisciú airgeadais
- Anailís agus tacaíocht iniúchóireachta

BAINISTIÚ TIONSCADAL AGUS CLÁR (GRÚPA FEIDHME III)

- Bainistiú tionscadal agus clár, e.g. pleanáil, monatóireacht, meastóireacht, clabhsúr a chur ar thionscadail, gníomhaíochtaí iarthionscadal
- Caiteachas Airgeadais
- Bainistiú agus meastóireacht ar cháilíocht
- Cumarsáid sheachtrach – Faisnéis phoiblí

BAINISTIÚ TIONSCADAL AGUS CLÁR (GRÚPA FEIDHME IV)

- Glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí – cur chun cinn, meastóireacht agus caibidlíocht
- Bainistiú tionscadal agus clár, e.g. pleanáil, monatóireacht, meastóireacht, clabhsúr a chur ar thionscadail, gníomhaíochtaí iarthionscadal
- Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach agus faisnéis a chraobhscaoileadh
- Comhordú agus comhairliúchán inmheánach
- Ionadaíocht agus comhordú seachtrach

AIRGEADAS (GRÚPA FEIDHME II)

- Comhaid airgeadais a ullmhú agus dualgais gníomhaire tionscnaimh a dhéanamh i réimse an airgeadais
- Cúnamh cléireachais agus riaracháin a thabhairt maidir le glaonna ar thograí/ar thairiscintí
- Cuidiú a thabhairt próiseáil faisnéise airgeadais agus tuairisciú airgeadais a dhéanamh
- Cuidiú a thabhairt sna próisis cuntasóireachta
- Cuidiú a thabhairt cúraimí iniúchóireachta a dhéanamh, e.g. tacaíocht chléireachais d'iniúchóirí, comhdú.

RÚNAITHE / CLÉIRIGH (GRÚPA FEIDHME II)

- Obair rúnaíochta a dhéanamh a bhaineann le cruinnithe, misin, etc. a eagrú
- Gnáthchúraimí rúnaíochta eile a dhéanamh, e.g. doiciméid agus comhfhreagras a chur ar aghaidh agus a rangú, an comhfhreagras a phróiseáil, dialann coinní a choinneáil, cúram a dhéanamh d'inbhosca ríomhphoist ball foirne sinsearach.
- Cúnamh eagarthóireachta (e.g. meamraim, nótaí, miontuairiscí cruinnithe) a thabhairt
- Cuidiú a thabhairt an obair laistigh den Roinn a chomhordú agus a phleanáil

- Próiseáil focal a dhéanamh sa phríomhtheanga agus, b'fhéidir, i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh
- Obair ríomhaireachta a dhéanamh a bhaineann le cur i láthair doiciméad (e.g. leagan amach, formáidíú, táblaí)
- Obair riaracháin de chineálacha éagsúla a dhéanamh a bhaineann le bainistiú comhad (agus teicneolaíocht ríomhaireachta á húsáid chuige sin)

ACMHAINNÍ DAONNA / RIARACHÁN (GRÚPA FEIDHME II)

- Cuidiú a thabhairt comhaid a bhaineann le próisis roghnúcháin agus earcaíochta a láimhseáil: glaonna agus fógraí a fhoilsiú, iarratais a ghlacadh agus a phróiseáil, boird roghnúcháin a eagrú, obair iardain a dhéanamh i leith torthaí obair bord roghnúcháin
- Cuidiú a thabhairt tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí i ndáil le hearcú agus roghnú foirne a ullmhú
- Cuidiú a thabhairt monatóireacht a dhéanamh ar an bplean bunaíochta: monatóireacht a dhéanamh ar fholúntais, dul i gcomhairle leis na seirbhísí ar a bhfuil sé de chúram catagóirí éagsúla foirne a earcú; údarú a iarraidh poist a fhógairt
- Bheith páirteach sna cúraimí ullmhúcháin agus san obair iardain i leith gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha ar bhonn tosaíochtaí straitéiseacha a shainaitníonn an lucht bainistíochta
- Tacaíocht a thabhairt rialacha a bhaineann le cúrsaí acmhainní daonna sonracha eile a chur i bhfeidhm

ACMHAINNÍ DAONNA / RIARACHÁN (GRÚPA FEIDHME III)

- Comhaid roghnúcháin agus earcaíochta a ullmhú agus cuidiú a thabhairt iad a bhainistiú: fógraí folúntais a dhréachtú, glaonna agus foilseacháin a sheoladh, iarratais a anailísiú agus a dhéanamh amach an bhfuil siad incháilithe, boird roghnúcháin a eagrú agus obair iardain a dhéanamh i leith torthaí obair na mbord sin, doiciméid earcaíochta a ullmhú (seiceáil incháilitheachta, gráid a shocrú, etc.)
- Páirt a ghlacadh agus cuidiú a thabhairt sna feidhmeanna riaracháin agus sna feidhmeanna bainistithe acmhainní daonna
- Cuidiú a thabhairt tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí i ndáil le hearcú agus roghnú foirne a ullmhú agus obair iardain a dhéanamh ina leith
- Cuidiú a thabhairt gníomhaíochtaí ardaithe céime agus athrangaithe a ullmhú, a sheoladh agus obair iardain a dhéanamh ina leith
- Cuidiú a thabhairt beartas oiliúna na hinstiúide a chur in iúl don fhoireann ar fad
- Cuidiú a thabhairt gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a cheapadh ar bhonn tosaíochtaí straitéiseacha arna sainaitint ag an lucht bainistíochta

ACMHAINNÍ DAONNA / RIARACHÁN (GRÚPA FEIDHME IV)

- Cuidiú a thabhairt pleananna bainistíochta a chur ar bun, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu
- Comhaid roghnúcháin agus earcaíochta a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu
- Nótaí faisnéise agus doiciméid eile a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna a ullmhú
- Tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí a chomhordú
- Maoirseacht agus fíorú a dhéanamh i dtaobh gealltanais dlí agus airgeadais a bhaineann le tionscadail atá faoi do chúram gan aon cheann de na rialacha reatha airgeadais a shárú
- Comhairle a thabhairt do sheirbhísí agus obair a chomhordú in éineacht leo, ar bhonn a straitéisí bliantúla acmhainní daonna
- Ionadaíocht a dhéanamh don institiúid trí chuir i láthair a thabhairt ar ghníomhaíochtaí cumarsáide do lucht éisteachta laistigh agus lasmuigh den institiúid

CUMARSÁID (Grúpa Feidhme III)

- Cruinnithe pleanála laistigh den tseirbhís, le seirbhísí eile agus le conraitheoirí seachtracha a eagrú agus obair iardain a dhéanamh i leith thorthaí na gcruinnithe sin
- Cuidiú a thabhairt meirgí, foilseacháin agus ábhar fógraíochta a ullmhú agus a chinntiú go bhfuil cuma gach ceann de na nithe sin ag teacht le chéile
- Cuidiú a thabhairt pleananna cumarsáide maidir le tosaíochtaí agus tionscadail cumarsáide a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn
- Obair eagarthóireachta, e.g. bileoga eolais a ullmhú, suíomhanna inlín a nuashonrú
- Comhoibriú ar bhainistiú tionscadal, rialacháin airgeadais san áireamh
- Páirt a ghlacadh in obair iardain i leith tionscadal trí na meáin shóisialta
- Cuidiú a thabhairt nótaí faisnéise agus doiciméid eile a ullmhú a bhaineann le tosaíochtaí polaitíochta a chur in iúl

CUMARSÁID (Grúpa Feidhme IV)

- Pleananna cumarsáide a bhunú agus a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu
- Nótaí faisnéise agus doiciméid eile a ullmhú a bhaineann le tosaíochtaí polaitíochta a chur in iúl
- Maoirseacht agus fíorú a dhéanamh i dtaobh gealltanais dlí agus airgeadais a bhaineann le tionscadail atá faoi do chúram gan aon cheann de na rialacha reatha airgeadais a shárú
- Féachaint chuige go ndéantar comhordú agus go mbíonn sineirgíocht ann laistigh den Ard-Stiúirthóireacht/institiúid agus le haonaid chumarsáide na seirbhísí nó na nArd-Stiúirthóireachtaí bainteacha maidir le tosaíochtaí polaitíochta
- Comhairle a thabhairt do sheirbhísí agus obair a chomhordú in éineacht leo, ar bhonn a straitéisí bliantúla cumarsáide
- Cuir i láthair a thabhairt ar phríomhghnéithe na gníomhaíochta tionscadail agus ar thorthaí na dtionscadal agus cuidiú a thabhairt eolas a chraobhscaoileadh laistigh den institiúid agus lasmuigh di
- Cruinnithe agus comhdhálacha maidir le tosaíochtaí cumarsáide a eagrú, a ullmhú, a chur ar bun agus a bhainistiú le geallsealbhóirí laistigh den institiúid agus lasmuigh di
- Obair iardain a dhéanamh sna meáin shóisialta i leith tionscadal

GNÓTHAÍ POLAITIÚLA/BEARTAIS AN AONTAIS EORPAIGH (GRÚPA FEIDHME III)

- Bheith páirteach in obair iardain i leith forbairtí beartais agus idirphlé a choinneáil ar bun leis na seirbhísí iomchuí
- Oibriú i gcomhar le ranna eile atá ag plé leis na comhaid atá i gceist
- Cuidiú a thabhairt tuarascálacha, nótaí faisnéise agus nótaí cainte maidir le comhaid bheartais a ullmhú agus aon ní eile is gá a chur leis
- Cuidiú a thabhairt plé le ceisteanna parlaiminteacha i réimse an bheartais
- Bheith páirteach in ullmhú cruinnithe le geallsealbhóirí, conclúidí beartais a bhaint as na cruinnithe agus aon obair iardain is gá a dhéanamh
- Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún/institiúid nó don Ard-Stiúirthóireacht ag imeachtaí/cruinnithe a bhaineann leis an tseirbhís, bídís inmheánach, idirinstiúideach nó seachtrach, faoi mhaoirseacht an Chinn Aonaid nó an oifigigh beartais

GNÓTHAÍ POLAITIÚLA/BEARTAIS AN AONTAIS EORPAIGH (GRÚPA FEIDHME IV)

- Monatóireacht, anailísiú agus tuairisciú a dhéanamh ar staid pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta tíortha
- Obair iardain a dhéanamh i leith beartais réigiúnacha, sheachtracha agus iltaobhacha tíortha

- Cuidiú a thabhairt cuspóirí polaitíochta, tosaíochtaí agus beartais an Aontais Eorpaigh maidir le cúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus daonnúla nó cúrsaí eile a leagan síos agus a shainiú i gcomhar le Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus deontóirí eile
- Cuairteanna agus misean ardleibhéil, cruinnithe ad hoc, teagmhálacha le tríú tíortha, leis an tsochaí shibhialta, etc. a chomhordú agus páirt a ghlacadh iontu
- Páipéir bheartais, doiciméid straitéiseacha, gníomhartha dlí, óráidí, ráitis agus doiciméid eile a dhréachtú agus obair iardain a dhéanamh ina leith
- Freagraí ar cheisteanna ó bhéal nó i scríbhinn agus achainí ó Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a dhréachtú
- Féachaint chuige go bhfuil gníomhartha agus beartais an Aontais i dtíortha comhleanúnach, trí obair a dhéanamh i leith comhairliúcháin idir seirbhísí maidir le teachtaireachtaí oifigiúla, páipéir bheartais agus doiciméid inmheánacha oibre de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh agus páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin sin
- Ionadaíocht a dhéanamh don institiúid, faoi mhaoirseacht oifigigh, ag cruinnithe idirinstiúideacha agus idirnáisiúnta (e.g. grúpaí comhairliúcháin)
- Cuidiú a thabhairt idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích

DLÍ (GRÚPA FEIDHME III)

- Páirt a ghlacadh in ullmhú staidéar agus i dtaighde ar an dlí náisiúnta, ar dhlí an Chomhphobail agus ar an dlí idirnáisiúnta i réimse an cheartais agus gnóthaí baile
- Cuidiú a thabhairt dréacht-tuairimí agus nótaí dlíthiúla a anailísiú agus a ullmhú
- Comhaid réamhdhlíthíochta (gearáin, etc.) a scrúdú, cúraimí éagsúla a bhaineann le himeachtaí cúirte a dhéanamh agus ráitis seasaimh a ullmhú
- Páirt a ghlacadh i ndoiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí na hinstiúide agus comhlachtaí ullmhúcháin agus coistí speisialta a ullmhú

DLÍ (GRÚPA FEIDHME IV)

- Féachaint chuige go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil ann, go bhfuil rialacha agus nósanna imeachta infheidhme agus comhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta sin ar ardchaighdeán
- Cuidiú a thabhairt don institiúid agus ionadaíocht a dhéanamh di i ndíospóidí agus, más iomchuí, ionadaíocht a dhéanamh di i gcásanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
- Comhairle agus tuairimí ó bhéal nó i scríbhinn a chur ar fáil don institiúid agus dá comhlachtaí nó dá seirbhísí ullmhúcháin maidir le ceisteanna dlí, instiúideacha agus nós imeachta
- Obair choincheapúil, staidéar agus anailís dlí a anailísiú agus a dhréachtú
- Dréachtfhreagraí a chur ar fáil ar iarrataí agus ar ghearáin a chuir oifigigh agus gníomhairí isteach chuig an Údarás Ceapacháin

TEICNEOLAÍOCHTAÍ NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE (GRÚPA FEIDHME III)

- Cuidiú a thabhairt córais faisnéise a cheapadh agus anailís a dhéanamh ar phróisis ghnó
- Cuidiú a thabhairt bunachair sonraí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm
- Teangacha ríomhchlárúcháin ar nós JAVA, Visual Basic, Visual C#, Powerbuilder, ASP.NET, C++, ColdFusion, a úsáid.
- Comhéadain- feidhmchlár gréasánbhunaithe a úsáid
- An timpeallacht úsáideora a riar (cumraíocht, riarachán agus tacaíocht na gcóras oibriúcháin, uirlisí oifige, printéirí agus acmhainní roinnte eile i dtimpeallacht gréasáin)
- Cuidiú a thabhairt suíomhanna gréasáin agus leathanaigh HTML, XML agus UML a cheapadh agus a bhainistiú (agus teangacha ríomhchlárúcháin ar nós Java, ASP.NET, PHP, ColdFusion á n-úsáid chuige sin).

- Freastalaithe gréasáin a riar (ar nós Planet Web Server, Microsoft Internet Information Server, ColdFusion Server, Oracle BEA, WebLogic applications, Apache Server)
- Gréasáin agus teileachumarsáid a bhainistiú (trí úsáid a bhaint as prótacail agus seirbhísí LAN/WAN (DHCP, DNS, HTTP, HTTPS, SNMP, Active Directory)), teicneolaíochtaí an idirlín a úsáid chun gréasáin inmheánacha a chur chun feidhme nó chun gréasáin a idirnascadh, slándáil gréasán, forbairtí i réimse na dteicneolaíochtaí VPN, córais teileafónaíochta/facs, comhtháthú guta agus sonraí, cumarsáidí móibíleacha, trí shatailít agus gan sreang)
- Cuidiú a thabhairt tionscadail agus seirbhísí oibriúcháin a eagrú in aon cheann de na réimsí sin, agus obair iardain a dhéanamh in leith

TEICNEOLAÍOCHTAÍ NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE (GRÚPA FEIDHME IV)

- Tionscadail TFC a chomhordú, a bhainistiú, a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh orthu
- Córais, seirbhísí agus slándáil TF a bhainistiú
- Maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar chonarthaí agus ar chaidrimh le ranna cliaint agus soláthróirí
- Staidéir straitéiseacha a dhéanamh agus táirgí atá ar an margadh a anailísiú

OIBRITHE TACAÍOCHTA LÁIMHE AGUS RIARACHÁIN (GRÚPA FEIDHME I)

I gcás Ghrúpa Feidhme I, is éard a bheidh le déanamh, cúraimí tacaíochta láimhe agus riaracháin a dhéanfar faoi mhaoirseacht oifigeach nó baill foirne shealadacha. Tá cur síos thíos ar shamplaí de na poist atá ar fáil sna hinstiúidí. Níl gach post sa liosta. Baineann na cúraimí sin le ceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Cúntóir cistine/cócaire

- Béilí a ullmhú agus a dháileadh faoi na sprioc-amanna i gcomhréir leis na caighdeáin sláinteachais agus cháilíochta
- Béilí fuara agus béilí teo a ullmhú
- Stoc folúsphacáilte faoi stóráil chuisnithe nó stóráil thirim nár díoladh a chaitheamh amach agus a dhiúscairt go sábháilte
- Béilí a dháileadh ar na línte dáileacháin éagsúla sna bialanna féinfhreastail agus à la carte in am sa chaoi is fearr is féidir
- Caighdeáin sláinteachais a chaomhnú sa chaoi nach mbeidh éilliú ann.

b) Freastalaí

- Béilí a sholáthar in am i gcomhréir leis na caighdeáin sláinteachais agus cháilíochta
- An seomra in áirithe a ullmhú (na boird a ullmhú agus a ghléasadh)
- Cuntair na seirbhísí lónadóireachta a ullmhú agus a chóiriú
- Seirbhís do na cliaint: béilí agus bia eile a sholáthar, seirbhís chaife a sholáthar
- Cuidiú a thabhairt na cúraimí éagsúla a dhéanamh a bhaineann le hullmhú béilí chun tacaíocht a thabhairt do na cócairí/don fhoireann chistine
- Dea-dhálaí sláinteachais a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAnailísiú Guaiseanna agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP) sa limistéar sin chun nach mbeidh aon bhaol éilithe ann

c) Foireann Stórais

- Fáilte a chur roimh chliaint, eolas a thabhairt dóibh agus freastal orthu maidir le hearraí a fhágáil síos ar an suíomh
- Féachaint chuige go ndéantar sonraí a iontráil go beacht
- Féachaint chuige go leantar mar is ceart na nósanna imeachta maidir le seachadtaí amhrasacha, toirmisce the nó príobháideacha

- Cuardach a dhéanamh nuair atá botún i seoladh agus é a ceartú dá réir
- Féachaint chuige go bhfuil ardleibhéal caidrimh ann idir na seirbhísí custaiméirí inmheánacha agus seachtracha (na hArd-Stiúrthóireachtaí, iompraitheoirí tríú páirtí, etc.)
- Cúraimí a dhéanamh a bhaineann le lastaí measartha trom ar ciotach a dtógáil
- Bheith in ann bheith ag obair agus tú i do sheasamh an chuid is mó den am
- Staitisticí a bhailiú agus a chur ar fáil
- Tacaíocht lóistíochta a thabhairt le haghaidh imeachtaí
- Obair chothabhála a dhéanamh: trealamh is gá le haghaidh taispeántas go ginearálta agus/nó taispeántais saothar ealaíne agus trealamh tacaíochta agus ábhair a bhaineann leo a chur le chéile, a bhaint as a chéile agus a aistriú
- Earraí a ghlacadh agus taifead a choinneáil díobh, agus iad a chur amach; luchtú agus a díluchtú a dhéanamh le feithiclí
- Tacaíocht theicniúil áitiúil a thabhairt chun obair a dhéanamh lena mbaineann suiteáil trealamh agus tacaíocht theicniúil áitiúil a thabhairt d'úsáideoirí córas sábháilteachta ginearálta éagsúla
- Orduithe a bhainistiú agus glacadh earraí a eagrú – na hearraí arna seachadadh a ghlacadh agus a chinntiú gurb iad na hearraí cearta iad – troscán a chur i bhfeithicil agus a thógáil as feithicil, a phacáil, a dhíphacáil, a chur le chéile agus a shuiteáil
- Cúraimí riaracháin éagsúla a dhéanamh a bhaineann le réimse oibre an phoist

d) Foireann phriontála

- Obair chasta ghrianchumtha a dhéanamh i dteangacha oifigiúla an Aontais
- Cuidiú a thabhairt téacsanna agus táblaí a ullmhú le socruithe íomhá/pláta
- Páirt a ghlacadh san obair trí dhearadh grafach a dhéanamh
- Céadphriontaí agus/nó bunchóipeanna a ullmhú le haghaidh printéirí ardfheidhmíochta
- Cuidiú a thabhairt an chothabháil laethúil a dhéanamh ar threalamh priontála agus téacsanna ar dhioscaí crua a bhainistiú
- Cuidiú a thabhairt bogearraí a chruthú agus a nuashonrú lena ndéantar leaganacha amach agus lena dtarchuirtear téacsanna go leictreonach
- Plátaí seachphriontála a chur le chéile agus a ullmhú
- Doiciméid a phriontáil agus a ullmhú, go háirithe doiciméid a sheachphriontáiltear agus doiciméid ar a bhfuil formáid bheag nó mheánmhéide
- Doiciméid iomlána a ullmhú, an cur le chéile, an stápláil agus an ceangal san áireamh
- Innill phriontála a ullmhú le haghaidh priontála
- Gnáth-oibríochtaí laethúla rialta a dhéanamh a bhaineann le hábhar priontáilte a láimhseáil agus a iompar, le printéirí a ghlanadh, etc.
- Cigireacht agus rialú rialta a dhéanamh ar chothabháil trealamh theicniúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar phleanáil oibre

e) Teachtaire urláir/freastalaí seomra cruinnithe/foireann tacaíochta oifige/bainistiú doiciméad

- Fáilte a chur roimh chuirteoirí, iad a threorú agus iad a chur in aithne
- Doiciméid oifigiúla, post agus ábhair le haghaidh cruinnithe a láimhseáil agus a dháileadh
- Páirt a ghlacadh san ullmhúchán le haghaidh cruinnithe oifigiúla agus in ullmhú seomraí cruinnithe, ullmhú pleananna seomra, ainmplátaí ainm agus clár oibre san áireamh
- Bheith i láthair agus cuidiú a thabhairt le linn cruinnithe, cuidiú a thabhairt glaonna fóin agus vótáil a dhéanamh san áireamh
- Dearbhuithe costas taistil/lóistín a láimhseáil
- Taisceadáin/racaí stórála a bhainistiú, dáileadh eochracha san áireamh, más gá
- Eolas agus cuidiú a thabhairt i leith úsáid seomraí cruinnithe
- Cúnaimh a thabhairt clár na gcruinnithe a nuashonrú agus taifid staidrimh gníomhaíochtaí bliantúla, míosúla agus de shaghsanna eile a ullmhú
- Sreabha oibre chun doiciméid a phriontáil ar phrintéirí ardfheidhmíochta a ullmhú agus a rialú

- Doiciméid a tháirgeadh ar phrintéirí ardfheidhmíochta
- Bunchóipeanna páipéir a scanadh agus iad a ullmhú chun a bpriontála
- Doiciméid a aircíviú go leictreonach
- Doiciméid éagsúla a chumasc go leictreonach roimh a bpriontáil
- Ábhar priontáilte a láimhseáil agus a iompar
- Gnáthghlanadh an innealra priontála a dhéanamh
- Seoladh doiciméad a ullmhú ar bhonn critéir réamhshocraithe
- Seoltaí a ullmhú agus a phriontáil ar lipéid go leictreonach, nuashonruithe na mbunachar sonraí san áireamh
- Doiciméid agus litreacha a sheoladh, modhanna ríomhphoist agus ilseolta san áireamh
- Aon chúraimí eile a dhéanamh lena mbaineann foilsíú, atáirgeadh, dáileadh agus aircíviú doiciméad le hinnealra táirgthe
- Doiciméid a chomhdú, a chlárú agus a stóráil
- Comhaid a ullmhú le haghaidh cruinnithe
- Post a sheoladh, a ghlacadh agus a chlárú, lastais chuiréara phríobháideacha agus málaí taidhleoireachta san áireamh
- Post a dháileadh go himmheánach
- Doiciméid/pacáistí toirtiúla nó troma a láimhseáil

f) Bainistiú Foirgneamh – baill foirne teicniúla agus riaracháin

- Cuidiú a thabhairt conarthaí fochonraitheoirí a chur chun feidhme i réimsí teicniúla (obair chríochnúcháin, glais agus fearais dorais, glanadh, bainistiú dramhaíle, innealtóireacht leictreach)
- Soláthar seirbhísí agus ionchur sonraí a bhaineann leo a mhonarú agus a sheiceáil agus tuarascálacha staidrimh simplí a dhréachtú
- Monatóireacht ar bhainistiú stoc ábhar
- Caidreamh a choinneáil ar bun leis na seirbhísí úsáideoirí/cliant
- Cuidiú a thabhairt obair a chomhordú i bhfoirgnimh éagsúla
- Cuidiú a thabhairt monatóireacht a dhéanamh ar bhail foirgneamh (iarrataí ar obair mar fhreagra ar mhífheidhmeanna, monatóireacht ar obair shuiteála oifige, etc.)
- Cúraimí láimhe éagsúla a dhéanamh a bhaineann le trealamh a shuiteáil san oifig
- Fabhtcheartú a dhéanamh agus cúnaimh teicniúil a thabhairt
- Gnáth-mhionobair chothabhála a bhainistiú (boird, racaí cótaí a chur suas, etc.)
- Eochracha réadmhaoine agus troscáin oifige a bhainistiú
- Cuidiú a thabhairt fardail réadmhaoine a bhainistiú agus nuashonrú a dhéanamh ar phleananna teicniúla le haghaidh foirgnimh atá in úsáid

g) Tiománaithe

- Daoine mór le rá agus oifigigh nó baill foirne eile a thiomáint, sa Bhruiséil agus in Strasbourg go príomha, agus i mBallstáit eile den Aontas agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad chomh maith
- Cuairteoirí a bhaineann leis an bhfoireann taidhleoireachta agus daoine mór le rá a thiomáint.
- Earraí/doiciméid a iompar
- Post a iompar
- An fheithicil a úsáid mar is ceart, ó thaobh cothabhála agus uirlisí teicneolaíochta na feithicle go háirithe
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil na daoine agus na hearraí sábháilte le linn a n-iompair, i gcomhréir le Rialacha Bóthair na tíre
- Feithiclí a luchtú agus a dhíluchtú, nuair is gá
- Obair riaracháin a dhéanamh nó tacaíocht lóistíochta a thabhairt, nuair is gá

h) Lucht aistrithe

- Tacaíocht a thabhairt baill foirne a athshuí agus iad a chur ar bun in oifigí/ionaid nua
- Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú dramhaíle agus athchúrsáil troscáin agus trealamh oifige chaite
- Cuidiú a thabhairt troscán agus trealamh a aistriú nuair is gá le haghaidh imeachtaí a eagraíonn institiúidí an Aontais

i) Uiséirí parlaiminte agus uiséirí d'institiúidí eile

Seomra na Parlaiminte agus seomraí cruinnithe:

- Cuidiú praiticiúil a thabhairt don Uachtarán
- Fáilte a chur roimh rannpháirtithe i gcruinnithe agus iad a thionlacan
- Doiciméid sna teangacha uile a dháileadh
- Ainmplátaí deisce a leagan amach
- Monatóireacht a dhéanamh ar shíniú isteach na bhfeisirí,
- Na liostaí tinrimh a bhainistiú
- Slándáil a chinntiú agus, ar iarratas ón Uachtarán, idirghabháil a dhéanamh chun ord a choinneáil ar bun
- Rochtain ar sheomraí éagsúla a rialú

Cúraimí prótacail agus ócáidí oifigiúla:

- Fáilte a chur roimh dhaoine a bhfuil tábhacht ar leith leo agus iad a thionlacan
- Bratacha a leagan amach
- Cordúin phrotacail a chur suas
- Dul i ngarda gradaim nuair a bhíonn cuairteanna oifigiúla ar siúl.

Cúraimí eile:

- Post a dháileadh, a bhailiú agus a iompar le tralaí
- Doiciméid a thógáil amach as cáis phacála, tralaithe agus cófraí
- Fáilte a chur roimh ghrúpaí cuairteoirí, iad a thionlacan agus iad a dhíriú ar na suíocháin atá sannta dóibh sna háiléir agus sna seomraí; ord a choinneáil ar bun; féachaint chuige go leantar treoracha sonracha a thugtar
- Bheith i bhfeighil seomraí cotaí do ghrúpaí cuairteoirí
- Cúraimí riaracháin a dhéanamh (clárú poist, comhdú, ríomhphoist, bunphróiseáil focal, inlín, etc.)
- Eolas a thabhairt do chuireoirí, do bhaill foirne agus do dhaoine eile
- Cuidiú a thabhairt don tseirbhís coiscthe dóiteáin

j) Oifigigh slándála agus coiscthe

- Rochtain daoine agus earraí a scagadh agus a rialú le scanóirí agus geataí braite
- Cásanna sonracha a láimhseáil go pras éifeachtach, trí Fheisirí Parlaimint na hEorpa, buanbhaill foirne, soláthraithe seirbhísí agus cuairteoirí a aithint ar a gcuma, nuair is gá
- Dul slándála ar patról laistigh d'fhoirgnimh na n-institiúidí
- Seiceálacha slándála a dhéanamh ar phost, beartáin agus seachadtaí
- Gach ar gá a dhéanamh chun síorsheirbhís ghairmiúil a chur ar fáil san institiúid
- Idirghabháil a dhéanamh i gcás éigeandáil dóiteáin agus/nó baol dóiteáin i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos ag na seirbhísí a bhfuil an cúram sin orthu agus na buntreoracha maidir le cosc dóiteáin agus múchadh dóiteáin a leanúint
- Garchabhair a thabhairt don té a bhfuil sí de dhíth air
- Cúraimí riaracháin éagsúla a dhéanamh (tuarascálacha a scríobh, comhdú, próiseáil focal, staidreamh agus comhaid a ionchódú, a aircíviú agus a nuashonrú)

k) Fáilteoir

Is féidir go mbeidh ar na baill foirne ar conradh dó nó trí de shealanna a dhéanamh as a chéile agus, más gá, bheith ag obair san oíche agus/nó ag an deireadh seachtaine

- Fáilte a chur roimh dhaoine agus a dhéanamh amach cad atá siad a iarraidh
- Eolas agus teoracha a thabhairt agus daoine a thionlacan go dtí an duine teagmhála, an roinn nó an áit atá siad a lorg a fháil
- Fáilte a chur roimh chuairteoirí ardchéime agus a chinntiú go rachaidh na cuairteanna ar aghaidh go réidh de réir an chláir ama
- Glaonna isteach agus amach a láimhseáil le lasc-chlár
- Seomraí cruinnithe a ullmhú do gach cineál cruinnithe agus imeachta
- Ríomhshonraí a chuardach, a iontráil nó a nuashonrú
- Doiciméid na roinne a bhainistiú

l) Riarthóir

- Fáilte a chur roimh fheisirí agus na hiarrataí práinneacha uathu a láimhseáil tríd an gcóras CARMEP lena mbainistítear iarrataí iompair ó fheisirí
- Turais a dháileadh ar na tiománaithe trí bhealaí taistil a chur le chéile / a chumasc a mhéid is féidir
- Turais a bhainistiú go héifeachtach chun go mbeidh an obair roinnte go cothrom idir na tiománaithe (obair/sosanna)
- Cuidiú agus comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is ceart a ghabháil nuair a bhíonn amhras ann faoi sin
- Bheith i do phointe teagmhála idir tiománaithe agus comhordú a dhéanamh le linn turais sa chaoi go n-úsáidtear na seirbhísí go héifeachtúil
- Féachaint chuige go ndéantar cigireacht theicniúil agus cothabháil rialta ar na gluaisteáin

m) Teicneoirí córas cumarsáide agus faisnéise/Gníomhairí cáblúcháin

- Bheith ar an gcéad duine teagmhála ag úsáideoirí trí chúnamh agus comhairle a thabhairt chun a gcuid fadhbanna ríomhaireachta a réiteach
- Diagnóis bheacht a dhéanamh agus réitigh theicniúla oiriúnacha a aimsiú
- Comhairle a thabhairt d'úsáideoirí agus oiliúint a chur orthu maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uirlisí ríomhaireachta
- An t-infreastruchtúr ríomhaireachta agus infreastruchtúr na gcábalaí closamhairc sna foirgnimh a chothabháil (mionathruithe, deisiú, forbairtí)
- An obair agus na cúraimí teicniúla a dhéanamh is gá chun na córais agus na líonraí teileachumarsáide a choinneáil ag obair go réidh

OIBRITHE CÚRAIM DO LEANAÍ (GRÚPA FEIDHME II)

I gcás Ghrúpa Feidhme II, is éard a bheidh le déanamh, cúraimí cléireachais agus rúnaíochta, bainistiú oifige agus cúraimí eile den chineál sin a dhéanfar faoi mhaoriseacht oifigeach nó baill foirne shealadacha. Tá cur síos thíos ar shamplaí de na poist a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sna hinstiúidí ach níl gach post sa liosta. D'fhéadfadh na cúraimí teacht faoi cheann de na catagóirí seo a leanas:

a) Oideachasóirí / feighlithe leanaí i gcomhair saoráidí iarscoile agus saoráid cúraim leanaí faoin aer (leanaí idir 3.5 agus 14 bliana d'aois)

- Cúram leanaí, gníomhaíochtaí éagsúla a mholadh agus a dhéanamh i gcomhréir leis an gclár oideachais atá leagtha síos.
- Atmaisféar a chothú a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe i dtimpeallacht shuaimhneach shábháilte.
- Na leanaí a fhaire agus cúnaimh a thabhairt dóibh an obair bhaile a fhaigheann siad ón scoil a dhéanamh (ach gan an obair bhaile sin a cheartú) trí thimpeallacht chuí a chothú.

- Caidreamh cuirteiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí chun rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe chun cláir oideachais na saoráide cúraim leanaí faoin aer a phlé agus a fhaire, agus an rud céanna a dhéanamh i dtaca leis an tsaoráid cúraim leanaí iarscoile, chun dálaí cúraim na leanaí a fheabhsú.
- Páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibríthe cúraim leanaí chun leanúnachas sa tseirbhís a chinntiú. Páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla oiliúna chun scileanna gairmiúla a dhaingniú agus chun go mbeidh an modh oideachais comhleanúnach.
- Obair réamhghníomhach a dhéanamh le monatóirí seachtracha (líonta éagsúla mac léinn agus oiliúnaithe) chun a chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí an ionaid cúraim leanaí faoin aer ag feidhmiú go rianúil.

b) Múinteoirí naíscóile

- Aire a thabhairt do leanaí atá ag freastal ar an naíscóil agus oideachas a chur orthu i gcomhréir leis an gclár oideachais atá leagtha síos, chun gur féidir leo a scileanna luaile, a n-iompar sóisialta, a n-intleacht agus a gcumas teanga a fhorbairt.
- Atmaisféar a chothú a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe i dtimpeallacht shuaimhneach shábháilte.
- Caidreamh cuirteiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí agus oibriú i gcomhar leo chun rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.
- Páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibríthe cúraim leanaí chun leanúnachas sa tseirbhís a chinntiú.
- Gníomhaíochtaí éagsúla a mholadh agus a dhéanamh chun scileanna luaile agus forbairt intleachtúil na leanaí a fheabhsú, agus chun clár oideolaíoch an ionaid a chur i bhfeidhm gach lá.
- Dul in éineacht leis na leanaí ar thurais (idir fhada agus ghearr) agus a chinntiú go mbíonn siad sábháilte.
- Páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla oiliúna chun scileanna gairmiúla a dhaingniú agus chun go mbeidh an modh oideachais comhleanúnach.
- An aird a thabhairt do gach leanbh, duine ar dhuine, a theastaíonn uaidh, go háirithe nuair a bhíonn cóngarach ar leith i gceist (béilí agus cúram pearsanta).

c) Altraí péidiatraiceacha/oibríthe cúraim do leanaí ó 0 go 3 bliana d'aois i naíolann.

- I naíolanna an Choimisiúin Eorpaigh (sa Bhruiséil, i Lucsamburg nó in Ispra), aire a thabhairt do ghrúpa leanaí idir 0 agus 3 bliana d'aois agus oideachas a chur orthu i gcomhréir leis an gclár oideachais atá ina chreat tagartha ag an bpost chun gur féidir leis na leanaí an fhéiniúlacht a mhúnlú, neamhspleáchas a fhoghlaim agus a gcuid inniúlachtaí féin a fhorbairt.
- Timpeallacht shuaimhneach shábháilte a chothú i gcónaí, a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe.
- An aird a thabhairt do gach leanbh, duine ar dhuine, a theastaíonn uaidh, go háirithe nuair a bhíonn cóngarach ar leith i gceist (béilí agus cúram pearsanta).
- Caidreamh cuirteiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí agus oibriú i gcomhar leo chun rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.
- Dul in éineacht leis na leanaí (2-3 bliana d'aois) ar thurais (idir fhada agus ghearr) agus a chinntiú go mbíonn siad sábháilte.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí éagsúla oiliúna chun scileanna gairmiúla a dhaingniú agus chun go mbeidh an modh oideachais comhleanúnach.
- A bheith solúbtha ó thaobh obair i bhfoireann de agus, mar chuid de sin, ionadaíocht a dhéanamh más gá. Le linn tréimhsí áirithe, páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibríthe cúraim leanaí chun leanúnachas i ngach roinn sna hionaid éagsúla a chinntiú.
- Buidéil diúil a ullmhú, más gá, i gcomhréir le rialacha diana sláinteachais agus sábháilteachta.

SÍCEOLAITHE OIDEACHAIS (Leanaí 0-14 bliana d'Aois) (GRÚPA FEIDHME IV)

- Gníomhú mar shaineolaí ar an tsíceolaíocht oideachais sa naíolann agus/nó san ionad iarscoile agus páirt a ghlacadh in ullmhú comhad áirithe a bhaineann leis an bhfeidhm sin.
- Dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair na n-altraí naíolainne, na mball foirne náischoile agus/nó na múinteoirí/oideachasóirí, chun cuidiú leo a gcuid oibre oideachasúla a dhéanamh.
- Cuidiú a thabhairt oiliúint leanúnach i leith ceisteanna oideachais a chur ar fáil chun gairmiúlacht na foirne oideachais a láidriú.
- Bainistiú a dhéanamh ar mheasúnú agus cur chun feidhme/feabhsú an phlean oiliúna agus ar eagrúchán gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le hoideachas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ghinearálta na leanaí, féachaint chuige go mbeidh na cúinsí is fearr ar bun is féidir a bheith ann maidir le leas na leanaí sa naíolann nó san ionad iarscoile.
- Na tuismitheoirí a chur ar an eolas, le linn cruinnithe a réachtálfar chuige sin, faoi ghníomhaíochtaí a gcuid leanaí chun caidreamh muiníne agus comhpháirtíochta a chothú leo.
- Bearta a dhéanamh i gcásanna áirithe chun na cúinsí a fheabhsú agus chun folláine na leanaí a chinntiú arna iarraidh sin ag altraí naíolainne, baill foirne náischoile agus/nó na múinteoirí/oideachasóirí, tuismitheora nó ar a thionscnamh féin.
- Athruithe ar an eagrú ginearálta a mholadh chun feabhas a chur ar cháilíocht oideolaíoch na hoibre, ar shaol na leanaí sa naíolann agus/nó san ionad iarscoile agus ar an tseirbhís do thuismitheoirí.
- Teagmháil bhuan a choinneáil ar bun, go comhpháirteach nó ar bhonn aonair, leis na haltraí naíolainne, le baill foirne náischoile agus/nó le múinteoirí/oideachasóirí, chun a chinntiú go mbeidh na baill foirne teagaisc comhsheasmhach le chéile ó thaobh oideachais de.
- Moltaí a cheapadh agus a mholadh i leith na ngnéithe éagsúla den eagrú ginearálta, lena n-áirítear ábhar a roghnú agus a fháil, chun dea-thionchar a imirt ar cháilíocht bheatha na leanaí agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na tuismitheoirí.
- Féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme mar is ceart an ráiteas misin oideachais.
- Páirt a ghlacadh, más gá, i mbearta comhordúcháin idir naíolanna agus ionaid iarscoile.

PROFLÉITHEOIRÍ (GRÚPA FEIDHME III)

Profléamh agus eagarthóireacht teanga. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist:

- Téacsanna a phrofléamh i leith litriú, gramadaí, poncaíochta, formáidiú clóghrafaíochta, téacsanna ab fhéidir a fheabhsú ó thaobh soiléire a aibhsiú agus nótaí a dhéanamh fúthu, agus ceartuithe údar a chur isteach;
- Profaí a ullmhú agus a sheiceáil i gcomhair a bhfoilsithe i bhformáidí éagsúla agus i meáin éagsúla;
- Téacsanna a ullmhú i bhformáid leictreonach nó ar páipéar ó thaobh an litrithe, na gramadaí agus na comhréire de agus téacsanna a sheiceáil ó thaobh comhsheasmhachta agus aonfhoirmeachta de;
- Seiceáil a dhéanamh an gcomhlíonann na téacsanna na gnáis agus na rialacha stíle agus an Treoir Stíle Idirinstitiúideach a ghlac institiúidí uile an Aontais;
- Cáilíocht na hoibre a rinne conraitheoirí seachtracha sa réimse a sheiceáil;
- Doiciméid na hinstiúide a ullmhú lena bhfoilsíú agus téacsanna a chur i gcrích ó thaobh na clóghrafaíochta de;
- Cúraimí teanga éagsúla eile a dhéanamh ar nós monarú ar ábhar leathanaigh suímh gréasáin agus trasríobh

AISTRITHEOIRÍ (GRÚPA FEIDHME IV)

- Aistriú go dtí an teanga a roghnaigh tú mar theanga 1 ó dhá theanga foinse ar a laghad (ón

- mBéarla agus/nó ón bhFraincis den chuid is mó)
- A chuid aistriúchán féin a léamh agus a cheartú.
 - Aistriúcháin a cheartú a rinne aistritheoirí eile, aistritheoirí san institiúid agus saoraistritheoirí
 - Taighde a dhéanamh faoi théarmaí agus bunachar sonraí a chruthú/a chothabháil
 - Cuidiú a thabhairt i leith bearta oiliúna agus forbairt uirlisí TF
 - Comhairle teanga a thabhairt
 - Saineolas a roinnt i réimsí a bhaineann le leas na hinstitiúide
 - Páirt a ghlacadh san dearbhú cáilíochta agus i gcothabháil sonraí teanga, réimse an inneallaistriúcháin san áireamh
 - Tionscadail teanga a bhainistiú
 - Sreabha oibre teanga a bhainistiú

[Deireadh IARSCRÍBHINN I. Clliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)

IARSCRÍBHINN II – TEANGACHA

Seo thíos na rialacha maidir le húsáid teangacha sa phróiseas roghnúcháin seo.

Ní mór d'iarrthóirí ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a roghnú mar theanga 1. An teanga a roghnófar mar theanga 1, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin, agus ní mór an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis a roghnú mar theanga 2.

Ní mór na hiarratais ar líne a dhéanamh sa teanga atá roghnaithe mar theanga 2.

Is i dteanga 1 a dhéanfar na trialacha réasúnaíochta.

Is sa teanga atá roghnaithe ag an iarrthóir mar theanga 2 a dhéanfaidh sé na trialacha inniúlachtaí.

I bhfianaise an bhreithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, is mian le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh a shonrú cé na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú agus na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí, cé na fáthanna a bhfuil siad teoranta acu sa phróiseas roghnúcháin seo.

Is de réir riachtanais na seirbhíse a leagadh síos na roghanna maidir leis an dara teanga don phróiseas earcaíochta seo. Ar mhaithe leis an tseirbhís, caithfidh na gníomhairí ar conradh a earcaítear a bheith ábalta dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le linn na hoibre laethúla. Féach go n-earcaítear gníomhairí ar conradh ar chonarthaí gearrthéarmacha nó meántéarmacha chun riachtanais shonracha phráinneacha foirne a chomhlíonadh. De ghnáth, earcaítear iad chun cúraimí a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigeach nó ball foirne sealadach a bhfuil níos lú freagrachta orthu, nó chun áit duine den bhuanfhoireann a ghlacadh go sealadach. Is léir go n-earcaítear iad ar an mbonn go gcaithfidh siad a bheith ábalta dul i mbun oibre láithreach ós rud é go mbeidh orthu cumarsáid a dhéanamh láithreach leis na hoifigigh nó na gníomhairí sealadacha atá ann cheana, trí na cúraimí a chuirtear orthu a dhéanamh nó trí ionad na mball foirne sin a ghlacadh.

Dá réir sin, de bhrí go gcaithfidh earcaigh nua a bheith ábalta dul i mbun oibre láithreach gan breis oiliúna teanga a fháil, caithfidh gníomhairí ar conradh nua a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh leis na hoifigigh nó na gníomhairí sealadacha atá ann cheana i gceann amháin ar a laghad den líon teoranta teangacha cumarsáide is mó a úsáidtear sna seirbhísí ina n-earcófar iad. Mura mbeadh an scéal amhlaidh, ní bheadh ciall leis an bpróiseas roghnúcháin seo agus, i ndeireadh na dála, chuirfí as go mór d'fheidhmiú éifeachtúil na n-institiúidí.

Is nós seanbhunaithe é an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis a úsáid thar theangacha eile don chumarsáid inmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus is iad sin na teangacha is mó a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh laistigh de na hinstiúidí agus le daoine ón taobh amuigh. Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais Eorpaigh, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad.

Dá bhrí sin, i bhfianaise na gcineálacha dualgas a bhíonn ar ghníomhairí ar conradh agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, agus ag féachaint do leasanna agus riachtanais na seirbhísí agus do chumas na n-iarrthóirí, agus i bhfianaise na réimsí atá clúdaithe ag an bpróiseas roghnúcháin seo, tá údar leis na trialacha inniúlachtaí a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh na hiarrthóirí ar fad in ann dul i mbun oibre i gceann amháin acu, is cuma cén chéad teanga oifigiúil atá acu. Ós rud é go bhfuil cur i bhfeidhm na gcúraimí gairmiúla faoi réir ag na teangacha a labhraítear sna hinstiúidí, tá stór focal gairmiúil de

dhíth i gceann amháin ar a laghad de na trí theanga cumarsáide is coitianta, agus ní mór eolas a ndóthain a bheith ag iarrthóirí ar phost mar ghníomhaire ar conradh ar cheann amháin ar a laghad de na teangacha sin chun go mbeidh siad in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena gcomhghleacaithe agus leis na daoine atá i gceannas.

Trí na hinniúlachtaí sonracha a mheas ar an dóigh sin, is féidir le hinstiúidí an Aontais a meas a thabhairt ar a ábalta atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá an méid sin gan dochar d'oiliúint teanga a d'fhéadfaí a dhéanamh ina dhiaidh sin chun a bheith ábalta obair a dhéanamh i dtríú teanga i gcomhréir le hAirteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Déanfar na trialacha réasúnaíochta sa teanga a roghnaíonn an t-iarrthóir mar chéad teanga, áfach, toisc gurb é cumas réasúnaíochta cognaíche an iarrthóra amháin atá á mheas sna trialacha sin. Is é is aidhm do na trialacha réasúnaíochta cumas réasúnaíochta a mheas i dtaca le heolas a thuiscint agus a léamh i gceart, agus conclúidí loighciúla a bhaint as an méid sin. Ós rud é nach bhfuil d'aidhm ag na trialacha sin ach cumas réasúnaíochta na n-iarrthóirí a mheasúnú gan an anailís sin a cheangal leis an timpeallacht oibre, is fearr is féidir scileanna réasúnaíochta cognaíche iarrthóra a mheas má thugtar an deis dóibh na trialacha sin a dhéanamh sa teanga is fearr atá acu. Dá bhrí sin, chun go mbeifear in ann na trialacha réasúnaíochta cognaíche a réachtáil i gceart, is iomchuí iad a dhéanamh i gcéad teanga an iarrthóra.

Mar phointe scoir, is gá líon teoranta teangacha a úsáid do chéim an iarrtais ar líne chun prionsabal na córa combhionainne a chur i bhfeidhm, agus go háirithe an gá deimhin a dhéanamh de go bhfuil na critéir chuardaigh inchomparáide. Meastar gurb é rud is fearr mar chomhréiteach iarraidh ar iarrthóirí an t-iarratas a dhéanamh sa dara teanga a roghnaíonn siad, teanga de na trí theanga a mholtar anseo, chun an chóir chomhionann, riachtanais na seirbhísí agus an éagsúlacht teanga a chur san áireamh.

I gcomhréir leis na teangacha atá in úsáid don phróiseas roghnúcháin (féach roinn 1.3 d'Iarscríbhinn III), is féidir leis an iarrthóir aon cheann de na 24 theanga oifigiúla a úsáid má tá sé ag dul i dteagmháil le EPSO tríd an tSeirbhís Teagmhála d'Iarrthóirí. Aon chomhfhreagras ginearálta a chuirfidh EPSO chuig na hiarrthóirí a bhaineann le cuirí chun trialacha nó torthaí, seolfar chuig na cuntais EPSO é sa teanga a roghnaigh an t-iarrthóir don triail inniúlachtaí. Sainíodh na rialacha i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta agus ag cur san áireamh leasanna na seirbhíse agus leasanna na n-iarrthóirí féin, ar mhaithe leis an gcumarsáid idir EPSO agus na hiarrthóirí a bheith soiléir sothuigthe agus chun go bhféadfaí cloí le sprioc-amanna réasúnta, d'fhonn an próiseas roghnúcháin a eagrú ar bhealach cost-éifeachtúil agus gan mhoill mhíchúí.

[Deireadh IARSCRÍBHINN II. Clíceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)

IARSCRÍBHINN III

NA RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH A ROGHNÚ (CAST)

Gach áit a ndéantar tagairt don fhirinscne i bpróiseas roghnúcháin de chuid EPSO, glactar leis gur ag tagairt don fhirinscne agus don bhaininscne atáthar. Más iomchuí, gach áit a ndéantar tagairt don fhoirm uatha, glactar leis gur ag tagairt don uatha agus don iolra atáthar.

1. NA DAOINE AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH

- 1.1 Coinníollacha ginearálta
- 1.2 Coinníollacha sonracha
- 1.3 Eolas ar theangacha

2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH?

- 2.1 Cuntas EPSO a chruthú
- 2.2. Iarratas ar líne a dhéanamh

3. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

- 3.1 Iarratas
- 3.2 Réamhroghnú
- 3.3 Na trialacha ilrogha ar ríomhaire
- 3.4 Bailíocht thorthaí na dtrialacha

4. TRIALACHA AGUS NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA

5. CUMARSÁID

- 5.1 Cumarsáid le EPSO
- 5.2 Cumarsáid leis na seirbhísí earcaíochta
- 5.3 Cosaint sonraí
- 5.4 Rochtain ar fhaisnéis
- 5.5 Faisnéis a nochtar go huathoibríoch

6. GEARÁIN

- 6.1 Teagmháil a dhéanamh le EPSO
- 6.2 Deacrachtaí teicniúla
- 6.3 Earráidí sna ceisteanna ilrogha ar ríomhaire
- 6.4 Gearáin riaracháin
- 6.5 Achomhairc bhreithiúnacha
- 6.6 Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh
- 6.7 Dícháiliú nó eisiamh sealadach

RÉAMHRÁ

Eagraíonn an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) próisis roghnúcháin do ghníomhairí ar conradh (CAST) thar ceann institiúidí an Aontais Eorpaigh. Cuirtear tús le próisis roghnúcháin do ghníomhairí ar chonradh buan trí ghlaonna ar léiriú spéise gan foirceann a fhoilsiú (gan aon sprioc-am le hiarratas a dhéanamh ag dul leo).

1. NA DAOINE AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH

Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus sonracha atá sonraithe sa ghlaó páirt a ghlacadh i bpróisis roghnúcháin do ghníomhairí ar conradh. Is ionann an t-iarratas ar líne a bhailíochtú agus a dhearbhu ar d'fhocal agus ar d'fhírinne go gcomhlíonann tú na coinníollacha sin. Cuirfear in iúl duit cathain is gá na doiciméid tacaíochta a chur isteach agus cé na doiciméid is ceart a chur isteach chun a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha sin.

1.1 Coinníollacha ginearálta

Baineann na coinníollacha incháilitheachta ginearálta seo a leanas le gach próiseas roghnúcháin le haghaidh gníomhairí ar conradh:

Ní mór duit:

- (a) Do chearta uile mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh (ach amháin má bhíonn luaite sa ghlaó aon mhaolú a rinneadh de bhun Airteagal 28(a) de na Rialacháin Foirne ná aon bheart sonracha a ghlacadh d'fhonn náisiúnaigh de thíortha an Aontais a earcú);
- (b) aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat;
- (c) na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

Nuair a iarrtar ort é, is ceart duit cóip de do phas, de do chárta aitheantais nó d'aon doiciméad oifigiúil eile a chruthaíonn do shaoránacht (féach (a) thuas) a chur ar fáil, agus ní mór é a **bheith bailí** ar an dáta a bhailíochtóidh tú d'iarratas i gcás glaonna EPSO/CAST/P.

De ghnáth, ní iarrtar aon doiciméad mar chruthúnas ar (b) agus (c) thuas.

1.2 Coinníollacha sonracha

Is féidir go mbeidh na coinníollacha sonracha agus an taithí oibre a iarrtar éagsúil ó phróiseas roghnúcháin go chéile de réir na próifíle i gceist. Beidh cur síos ar na coinníollacha sin sa ghlaó ar léiriú spéise.

- (a) **Dioplómaí agus/nó teastais:** Is ceart dioplómaí a gnóthaíodh lasmuigh den Aontas Eorpach a bheith aitheanta ag comhlacht stáit i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (e.g. Roinn Oideachais). Cuirfear difríochtaí idir córais oideachais san áireamh.
- (b) **Taithí oibre (má iarrtar sin):** Ní chuirfear an taithí oibre san áireamh ach amháin má bhaineann sí leis na dualgais atá luaite sa ghlaó agus:
 - gur fíorobair éifeachtach a bhí inti;
 - más obair ar íocaíocht a bhí inti;
 - má bhí caidreamh íochtaránachta nó soláthar seirbhíse i gceist léi.

1.3 Eolas ar theangacha

De réir an phróisis roghnúcháin agus riachtanais shonracha na próifíle nó an phoist, is féidir go n-iarrfar ort d'eolas ar dhá theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh ar a laghad a chruthú, mar a mhínítear thíos.

Ní mór eolas fíormhaith (leibhéal C1) ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a bheith agat agus eolas sásúil (leibhéal B2) ar cheann eile díobh. Tá na leibhéil sin de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha:

(Féach: <https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>).

I gcás comórtais do theangeolaithe go háirithe, is féidir go n-iarrfar eolas breise ar theangacha.

De ghnáth, ní iarrtar aon doiciméad tacaíochta maidir le d'eolas ar theangacha mura dteastaíonn sin chun a chruthú go bhfuil an taithí oibre agat a mhaíonn tú atá agat.

2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

2.1 Cuntas EPSO a chruthú

Tá treoracha maidir le cuntas EPSO a chruthú ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO:(https://epso.europa.eu/home_ga).

Úsáidfear do chuntas EPSO chun:

- iarratas a dhéanamh agus stádas iarratas a sheiceáil;
- eolas a fháil ó EPSO;
- sonraí pearsanta a stóráil.

Ní ceadmhach ach **aon chuntas EPSO amháin** a chruthú agus ní mór an cuntas sin a úsáid do gach iarratas. Féadfar tú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas má fhaigheann EPSO amach gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas amháin (féach 6.7).

2.2 Iarratas ar líne a dhéanamh

Ní mór duit d'iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis (mura bhfuil a mhalairt ráite). Mura gcomhlíona tú an ceanglas sin, is féidir go ndícháileofar ón bpróiseas roghnúcháin thú (féach 6.7).

Is féidir go n-iarrfar eolas ort faoi na nithe seo:

- do chuid dioplómaí/cáilíochtaí;
- do chuid taithí oibre (má iarrtar sin);
- an chúis a bhfuil iarratas á dhéanamh agat;
- an t-eolas atá agat ar theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh;
- suas le deich gcinn de na 'scileanna is láidre' atá agat as liosta réamhdhéanta;
- do scileanna i réimse na mbogearraí oifige / na litearthachta ríomhaireachta;
- imréiteach slándála (más iomchuí – féach Cinneadh 2011/292/AE ón gComhairle an 31 Márta 2011 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint, Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 141/17 an 27.5.2011);
- aon socrúithe ar leith atá de dhíth ort chun na rialacha a dhéanamh (féach 2.3).

Is ceart duit a oiread mionsonraithe is féidir a thabhairt faoi do chuid cáilíochtaí agus taithí chun gur léir go mbaineann siad le dualgais an phoist.

I gcás poist taidhleoireachta a tháirgeann an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí nó seirbhísí de chuid an Choimisiúin, is féidir go mbeidh feidhm ag rialacha sonracha maidir le sealáíocht. Beidh na rialacha sin leagtha amach go sainráite san fhógra folúntais.

3. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

3.1 Iarratas

Is glao ar léiriú spéise é seo nach bhfuil aon sprioc-am le hiarratais a dhéanamh ag dul leis. Baineann sé le réimse próifílí. Is féidir go gcruthófar próifílí nua amach anseo.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar aon cheann de na grúpaí próifíle nó feidhme a bhfuil tú incháilithe dó. Ní mór duit d'iarratas tosaigh a bhailíochtú agus é **a nuashonrú gach sé mhí** chun go leanfaidh sé de bheith le feiceáil ag na seirbhísí earcaíochta. Is féidir an t-iarratas a athoscailt, a athrú agus a shábháil tráth ar bith.

Mura nuashonraí tú d'iarratas gach sé mhí ar a laghad, ní bheidh do chuid shonraí le feiceáil ag na seirbhísí earcaíochta ar chuardach a dhéanamh dóibh sa bhunachar. Os a choinne sin, beidh do shonraí sa chóras fós agus beidh tú in ann an t-iarratas a nuashonrú tráth ar bith chun a léiriú go bhfuil spéis agat post a fháil mar ghníomhaire ar conradh.

Is féidir leat d'iarratas a nuashonrú trí athruithe a dhéanamh air, nó trína dhearbhu go bhfuil spéis agat sa phost, agus sin a dhéanamh trí do chuntas EPSO. Beidh dáta nua bailíochta ann a luaithe a dhéanfaidh tú amhlaidh.

3.2 Réamhroghnú:

De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, déanfaidh na seirbhísí earcaíochta cuardach sa bhunachar sonraí le critéir chuardaigh réamhshainithe agus cuirfidh siad líon teoranta iarrthóirí ar an ngearrliosta – na hiarrthóirí is fearr a n-oireann an t-eolas ina n-iarratas do dhualgais an phoist. Ar bhonn na gcritéar chuardaigh réamhshainithe sin, déanfaidh na seirbhísí earcaíochta measúnú grinn oibiachtúil cothrom ar bhuanna na n-iarrthóirí uile i gcomparáid le chéile.

Is féidir go réamhroghnóidh seirbhísí earcaíochta éagsúla thú le haghaidh aon phróifíl amháin nó le haghaidh próifílí éagsúla. Má réamhroghnófar thú níos mó ná uair amháin le haghaidh aon phróifíl amháin san aon ghrúpa feidhme amháin, ní dhéanfaidh tú na trialacha ach aon uair amháin. Tá tuilleadh sonraí maidir le bailíocht thorthaí na dtrialacha i roinn 3.4.

3.3 Na trialacha ilrogha ar ríomhaire

Is iad na hiarrthóirí a réamhroghnaigh na seirbhísí earcaíochta agus na hiarrthóirí sin amháin a gheobhaidh cuireadh ó EPSO na trialacha ar ríomhaire a dhéanamh do na próifílí agus na grúpaí feidhme atá i gceist. **Ní hionann d'iarratas a bhailíochtú agus é a bheith ina scéal cinnte go bhfaighidh tú cuireadh na trialacha a dhéanamh.**

Is ar EPSO amháin atá an cúram na trialacha a eagrú. Is ar ríomhaire a dhéanfar na trialacha a bhainistiú agus a mharcáil, mura mbeidh a mhalairt ráite.

Beidh ort na trialacha réasúnaíochta agus an triail inniúlachtaí araon a dhéanamh. **Beidh pasmharc na dtrialacha leagtha amach sa ghla.** Iarrthóirí a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha réasúnaíochta agus inniúlachtaí araon a dhéanamh, beidh orthu an dá chineál sin trialach a dhéanamh. Mura ndéana tú amhlaidh, déanfar d'ainm a tharraingt siar agus ní chuirfear torthaí ceachtar den dá chuid sin san áireamh.

Ar na **trialacha réasúnaíochta** tá:

- triail réasúnaíochta briathartha: measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus faisnéis bhriathartha a thuiscint;
- triail réasúnaíochta uimhriúla: measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus faisnéis uimhriúil a thuiscint; agus
- triail réasúnaíochta teibí: measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus na gaoil idir coincheapa nach bhfuil eilimintí teanga, spásúla nó uimhriúla iontu a thuiscint.

Is éard atá sa **triail inniúlachtaí**:

- triail atá bunaithe ar na scileanna gairmiúla sonracha is gá chun dualgais an phoist a dhéanamh.

Is éard atá sa **triail tuisceana teanga**:

- Ceisteanna ilrogha ar ríomhaire chun measúnú a dhéanamh ar do thuiscint ar theanga 2 (EN-FR-DE) ó thaobh stór focal, gramadaí/comhréire agus stíle de.

Chun na trialacha ar ríomhaire a dhéanamh, ní mór duit iad a chur in áirithe. Gheobhaidh tú teoracha i do chuntas EPSO maidir le **cathain agus conas** na trialacha a chur in áirithe. Is gnách go mbíonn rogha ag iarrthóirí idir roinnt dátaí agus idir roinnt ionad measúnaithe.

Tá **teorainn** leis na tréimhsí ina bhféadfaidh tú na coinne a dhéanamh agus ansin na trialacha a dhéanamh. Mura **ndéana tú coinne nó mura ndéana tú na trialacha ní bhfaighidh tú an dara cuireadh go huathoibríoch**. Os a choinne sin, beidh d'iarratas bailí má nuashonraíonn tú é nó má dhearbhaíonn tú go bhfuil spéis agat sa phost gach sé mhí. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh duit triail a chur in áirithe má réamhroghnaíonn aon seirbhís earcaíochta arís thú.

3.4. Bailíocht thorthaí na dtrialacha

Má éiríonn na trialacha leat, beidh na torthaí bailí go ceann tréimhse áirithe ionas nach mbeidh ort na trialacha sin a dhéanamh arís.

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat, beidh do thorthaí bailí go ceann **10 mbliana** ón dáta a d'fhoilsigh EPSO iad. Beidh do thorthaí bailí fós i gcás aon phróifílí sa **ghrúpa feidhme céanna nó i ngrúpaí feidhme is ísle**.

Má éiríonn an triail inniúlachtaí leat, beidh do thorthaí bailí go ceann **5 bliana** ón dáta a d'fhoilsigh EPSO iad. Beidh do thorthaí bailí freisin **do ngrúpaí feidhme is ísle sa phróifíl céanna, más infheidhme**.

Mura n-éirí na trialacha leat, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní bheidh cead agat iad a dhéanamh arís le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna nó grúpa feidhme is airde go ceann **6 mhí** (ón dáta a d'fhoilsigh EPSO na torthaí), **is cuma cén próifíl atá i gceist**. Is féidir, os a choinne sin, go

réamhroghnóidh na seirbhísí earcaíochta thú tráth ar bith chun na trialacha le haghaidh grúpa feidhme is ísle do phróifíl ar bith a dhéanamh.

Ní mharcálfar do thriail inniúlachtaí ach amháin má d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat.

Má theipeann ort sna trialacha inniúlachtaí, ní bheidh cead agat iad a dhéanamh arís le haghaidh **na próifíle céanna** sa **ghrúpa feidhme sin nó grúpa feidhme níos airde** go ceann **6 mhí** (ón dáta a d'fhoilsigh EPSO na torthaí), don phróifíl chéanna. Is féidir, os a choinne sin, go réamhroghnóidh na seirbhísí earcaíochta thú chun trialacha inniúlachtaí a dhéanamh don phróifíl chéanna i ngrúpa feidhme is ísle, más infheidhme, nó chun trialacha inniúlachtaí a dhéanamh i ngrúpa feidhme ar bith do phróifíl eile.

Na marcanna a ghnóthóidh tú sna trialacha roghnúcháin do na grúpaí feidhme is airde, beidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is ísle freisin. Ar an taobh eile, na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is ísle, ní bheidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is airde. Má éiríonn trialacha réasúnaíochta an ghrúpa feidhme is airde leat, beidh an toradh sin bailí i gcás na bpróifílí uile sa ghrúpa feidhme sin agus sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é. Má éiríonn triail inniúlachtaí an ghrúpa feidhme is airde leat, ní bheidh an toradh sin bailí ach i gcás na próifíle céanna sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é.

An toradh a ghnóthófar i dtriail inniúlachtaí próifíle amháin, ní bheidh sé bailí i gcás próifíl eile.

Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha réasúnaíochta a dhéanamh i ngrúpa feidhme níos ísle le linn na tréimhse sin. Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí le haghaidh na próifíle céanna sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha inniúlachtaí na próifíle céanna a dhéanamh le haghaidh grúpa feidhme atá níos ísle ná é nó le haghaidh próifíl eile le linn na tréimhse sin.

Chun bheith incháilithe don earcaíocht, ní mór duit pas a ghnóthú sna trialacha in dhá theanga éagsúla ar a laghad, sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é. Tá feidhm ag na riachtanais teanga IS CUMA cén cineál trialacha réasúnaíochta nó inniúlachtaí atá i gceist. Is ionann sin agus a rá nach féidir cuireadh chun agallaimh a thabhairt duit de bhun pointe 3 den ghlaó seo agus tú a earcú ina dhiaidh sin ach amháin

- má ghnóthaigh tú pas i dtriail réasúnaíochta amháin ar a laghad agus i dtriail inniúlachtaí amháin ar a laghad sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é,

AGUS

- má d'éirigh dhá cheann de na trialacha sin ar a laghad leat i dteangacha éagsúla, fiú más é an t-aon chineál amháin trialach a bhí i gceist leis an dá thriail sin (i.e. réasúnaíocht nó inniúlachtaí).

Mar shampla: d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat (agus tá do scór bailí fós, mar atá luaite thuas), ach theip triail inniúlachtaí phróifíl 1 leat. Má dhéanann tú iarratas ansin ar phróifíl 2 sa ghrúpa feidhme céanna agus an teanga ina raibh do thrialacha réasúnaíochta le haghaidh phróifíl 1 a roghnú mar theanga thriail inniúlachtaí phróifíl 2, fágfaidh sin go mbeidh ort dhá thriail phróifíl 2 (réasúnaíocht agus inniúlachtaí) a dhéanamh arís de bharr riail an dá theanga.

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta agus inniúlachtaí leat le haghaidh próifíl áirithe, **tabharfar cuireadh duit trialacha earcaíochta a dhéanamh**, ar cuid díobh agallamh agus pé trialacha eile a mheasann na seirbhísí earcaíochta atá riachtanach. Is féidir go dtabharfaidh seirbhísí eile cuireadh chun agallamh duit don phróifíl chéanna agus don ghrúpa feidhme céanna, nó grúpa feidhme is ísle sa phróifíl chéanna, gan fiacha a bheith ort na trialacha a dhéanamh arís.

4. TRIALACHA AGUS NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA

Is ar na hinstitiúidí atá an cúram trialacha agus nósanna imeachta earcaíochta a bhainistiú. Tá agallamh ar cheann de na trialacha earcaíochta is gá a dhéanamh, ach is féidir go mbeidh trialacha eile le déanamh freisin, e.g. triail scríofa, triail phraiticiúil nó ionsamhlú.

Tráth a thabharfar cuireadh duit na trialacha earcaíochta a dhéanamh, iarrfar ort bunchóipeanna de do chuid doiciméad a thabhairt leat chun a chruthú go bhfuil an t-eolas i d'iarratas maidir le hoideachas agus taithí oibre cruinn (féach roinn 1). Cé gur gnách go dtástáiltear an dara teanga ag céim na dtrialacha inniúlachtaí, is féidir go ndéanfar measúnú ar d'eolas ar theangacha ag céim an agallamh freisin.

Is féidir go mbeidh an t-earcú faoi réir imréiteach slándála pearsanta a dhéanfaidh údarás slándála náisiúnta an iarrthóra.

I gcomhréir leis na forálacha atá i gCaibidil 4 agus i dTeideal IV de Chaibidil 5, Gníomhairí ar conradh de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (tuilleadh eolais: <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF>, Airteagail 85 agus 88 faoi seach), is féidir, má éiríonn an t-agallamh leat, go dtáirgfear na cineálacha conarthaí seo a leanas duit, de réir na seirbhíse earcaíochta a bheidh i gceist:

CONRADH CA 3A (ar féidir conradh tréimhse éiginnte a theacht as)

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA: Ceanncheathrú institiúidí an Aontais Eorpaigh (Grúpa Feidhme I), Oifigí Bonneagair agus Lóistíochta an Choimisiúin sa Bhreiséal agus i Lucsamburg (OIB, OIL), Oifig an Phámháistir Ghinearálta (PMO), an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), an Scoil Riaracháin Eorpach (EUSA), gníomhaireachtaí Eorpacha agus Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit, Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain

CONRADH CA 3B (conradh ar théarma seasta a mhaireann 6 bliana ar a mhéad)

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA: Ceanncheathrú institiúidí an Aontais Eorpaigh, Oifig Frith-Chalaoise na hEorpa (OLAF), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (OP).

5. CUMARSÁID

5.1 Cumarsáid le EPSO

I gcomhréir leis na teangacha a úsáidtear sa phróiseas roghnúcháin (féach roinn 1.3), is i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis a chuirfear cuirí chun na dtrialacha agus torthaí na dtrialacha chugat i do chuntas EPSO. Tá tuilleadh eolais in Iarscríbhinn II ar na teangacha a úsáidtear i bpróisis roghnúcháin an Aontais Eorpaigh.

Is ceart duit do chuntas a sheiceáil dhá uair sa tseachtain ar a laghad chun:

- dul chun cinn do phróisis roghnúcháin a leanúint;
- bheith ar an eolas faoi na deiseanna a bhaineann leis an bpróifíl nó leis na tosaíochtaí a roghnaigh tú (e.g. áit oibre);

- d'fhoirm iarratais a nuashonrú agus a léiriú go bhfuil spéis agat fós sa phróiseas (féach 3.1); nó
- do spéis a dhearbhu go díreach do na seirbhísí earcaíochta.

Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca fabht teicniúil ar shuíomh gréasáin EPSO, ba cheart duit sin a chur in iúl láithreach tríd an bhfoirm theagmhála ar líne (https://epso.europa.eu/contact_ga).

Bíodh d'ainm (mar atá sé i d'fhoirm iarratais), d'uimhir iarratais agus uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin luaite go soiléir ar an gcomhfhreagras uile.

Déanann EPSO prionsabail an chóid dea-chleachtais riaracháin a chur i bhfeidhm. Tá sé de cheart ag EPSO, de réir na bprionsabal sin, deireadh a chur le haon chomhfhreagras le hiarrthóir má bhíonn an comhfhreagras sin míchuí, i.e. é a bheith liodánach, tarcaisneach agus/nó gan baint a bheith aige le hábhar.

5.2 Cumarsáid leis na seirbhísí earcaíochta

Cuirfidh na seirbhísí earcaíochta eolas faoi na trialacha earcaíochta, cuirí chun agallaimh san áireamh, chuig an seoladh ríomhphoist a thug tú i do chuntas EPSO.

5.3 Cosaint sonraí

Dearbhaíonn EPSO go bhfuil sonraí pearsanta na n-iarrthóirí faoi rún agus sábháilte i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=CELEX:32018R1725>). Is féidir sonraí trialacha nach féidir an t-iarrthóir a aithint leo a úsáid le haghaidh taighde eolaíoch. Tá tuilleadh eolais le fáil sa ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí i do chuntas EPSO.

5.4 Rochtain ar fhaisnéis

I gcomhréir le hAirteagal 25(2) de na Rialacháin Foirne, tá cearta sonracha ag iarrthóirí maidir le sonraí pearsanta áirithe a rochtain, cearta atá acu de bharr na hoibleagáide cúiseanna a thabhairt, ionas go bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcás nach bhfuil bunús maith le cinneadh diúltú a thabhairt..

An oibleagáid sin, na cúiseanna a shonrú, a chomhlíonadh gan teacht salach ar rúndacht imeachtaí an bhoird roghnúcháin, rúndacht a chinntíonn neamhspleáchas agus oibiachtúlacht. Dá bhrí sin, ní féidir dearcaí a bhí ag measúnóirí aonair ná faisnéis a bhaineann le measúnuithe aonair nó le measúnuithe comparáideacha ar iarrthóirí a nochtadh.

Is le hiarrthóirí i bpróiseas roghnúcháin do ghníomhairí ar conradh a bhaineann na cearta rochtana sin, agus ní féidir cearta sa bhreis ar na cearta atá sonraithe sa roinn sin a fháil faoin reachtaíocht a bhaineann le rochtain an phobail ar fhaisnéis (féach: <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32001R1049>).

5.5 Faisnéis a nochtar go huathoibríoch

Tá sé deimhnithe sa chásdlí, i gcás trialacha i bhfoirm ceisteanna ilrogha, gur comhlíonadh na hoibleagáide cúiseanna a thabhairt é an fhaisnéis atá sonraithe thíos a chur in iúl do na hiarrthóirí. Gheobhaidh tú an t-eolas seo thíos i do chuntas EPSO.

TRIALACHA AR RÍOMHAIRE

- Do thorthaí
- Greille ar a bhfuil do fhreagraí agus na freagraí cearta de réir na litreach/huimhreach tagartha
- Tá **cosc curtha go sainráite ar rochtain ar fhoclaiócht na gceisteanna agus na bhfreagraí**

6. GEARÁIN

6.1 Teagmháil a dhéanamh le EPSO

Má bhíonn mórghadhb theicniúil nó eagrúcháin ann ag aon chéim den phróiseas earcaíochta, ba cheart duit sin a chur in iúl do EPSO láithreach, chun gur féidir an cheist a scrúdú agus aon bhearta ceartaitheacha is iomchuí a dhéanamh,

- tríd an bhfoirm theagmhála ar líne más féidir (https://epso.europa.eu/contact_ga); nó
- tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), L-107, 1049 Brussel/Bruxelles, Belgique/België.

Bíodh d'ainm (mar atá sé i d'fhoirm iarratais), d'uimhir iarratais agus uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin luaite go soiléir ar an gcomhfhreagras uile.

6.2 Deacrachtaí teicniúla

I gcás mórghadhb theicniúil nó eagrúcháin **san ionad trialacha**, iarrtar ort:

- na feitheoirí a chur ar an eolas láithreach sa chaoi gur féidir réiteach a aimsiú san ionad féin. I gcás ar bith, iarraidh ar na feitheoirí an gearán atá agat a chur i scríbhinn; agus
- teagmháil a dhéanamh le EPSO tráth nach déanaí ná 3 lá féilire i ndiaidh na trialach trí shuíomh gréasáin EPSO agus cur síos gairid a thabhairt dóibh ar an bhfadhb.

I gcás **fadhb a tharla lasmuigh den ionad trialacha** (e.g. fadhb a bhaineann le hiarratas nó coinne a dhéanamh), lean na treoracha i do chuntas EPSO agus ar shuíomh gréasáin EPSO nó déan teagmháil le EPSO láithreach trí shuíomh gréasáin EPSO..

I gcás fadhbanna a bhaineann le d'iarratas, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le EPSO láithreach trí shuíomh gréasáin EPSO.

6.3 Earráidí sna ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Déanann EPSO buanrialú mionsonraithe ar bhunachar sonraí na gceisteanna ilrogha.

Má mheasann tú nár fhéad tú ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a fhreagairt toisc earráid a bheith inti nó iontu, tá tú i dteideal iarraidh ar EPSO an cheist nó na ceisteanna a athbhreithniú. Is féidir go gcinnfidh EPSO an cheist ina bhfuil an earráid a chur ar ceal agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcásdlí reatha.

Ag seo an dóigh le gearán a dhéanamh faoi thriail ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

- **nós imeachta:** déan teagmháil le EPSO trí **shuíomh gréasáin EPSO amháin**;
- **teanga:** sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 don iarratas;

- **sprioc-am:** ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de **3 lá féilire** tar éis an dáta a rinne tú na rialacha ar ríomhaire;
- **faisnéis bhreise:** déan cur síos ar an gceist ionas go bhféadfar í a aithint, agus mínigh chomh soiléir agus is féidir cad í an earráid a deirtear a bheith ann.

Iarrataí a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama nó iarrataí nach bhfuil cur síos soiléir iontu ar an gceist/ar na ceisteanna atá á conspóid/á gconspóid agus ar an earráid/na hearráidí a deirtear a bheith ann, ní chuirfear san áireamh iad.

Gearáin nach bhfuil luaite iontu, cuir i gcás, ach fadhbanna aistriúcháin a deirtear a bheith ann, agus gan aon sonraí eile tugtha, ní chuirfear san áireamh iad.

6.4 Gearáin riaracháin

Faoi mhír 2 d’Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne is é stiúrthóir EPSO a fheidhmíonn mar údarás ceapacháin. I do cháil mar iarrthóir i bpróiseas roghnúcháin, féadfaidh tú gearán riaracháin a chur faoi bhráid Stiúrthóir EPSO in aghaidh cinneadh, nó easpa cinnidh, a dhéanann dochar díreach láithreach do do stádas dlí mar iarrthóir.

- **Sonraí praiticiúla:** déan teagmháil le EPSO (féach 6.1)
- **Spriocdháta:** faoi cheann **3 mhí ó fógraíodh an cinneadh a bhfuil díospóid faoi:** nó ón dáta ar cheart cinneadh a bheith déanta roimhe.

6.5 Achomhairc bhreithiúnacha

Faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de na Rialachán Foirne, i do cháil mar iarrthóir i gcomórtas oscailte, tá sé de cheart agat achomharc breithiúnach a dhéanamh.

Más mian leat achomharc breithiúnach a dhéanamh i gcoinne cinneadh a rinne EPSO, ní mór duit gearán riaracháin a dhéanamh i dtosach.

Tá míniú ar an dóigh le hachomharc a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Breithiúnais (<http://curia.europa.eu/jcms/jcms/>).

6.6 Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh

Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach agus gach duine atá ina chónaí san Aontas Eorpach gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

Faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmiú dhualgais an Ombudsman, más mian leat gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman, ní mór duit dul i dteagmháil leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus na foirmeáltachtaí riaracháin iomchuí a chomhlíonadh i dtús báire (féach 6.1 – 6.4).

Níl aon éifeacht fionraí ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar na sprioc-amanna atá leagtha síos maidir le gearáin riaracháin a chur isteach nó achomhairc bhreithiúnacha a dhéanamh.

Tá míniú ar an dóigh le gearán a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (<http://www.ombudsman.europa.eu/>).

6.7 Dícháiliú nó eisiamh sealadach

Má fhaigheann EPSO amach ag aon chéim den phróiseas:

- gur chruthaigh tú níos mó ná cuntas EPSO amháin;
- gur i dteanga nach í an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis í a bhí an t-iarratas rinne tú (mura raibh sé ráite gur ceadmhach sin);
- go ndearna tú aon dearbhú bréagach nó aon dearbhú gan tacaíocht leis;
- go ndearna tú séitéireacht sna trialacha;
- gur thug tú iarraidh d'aithne a ligean leis an marcóir (in éadan na dtreoracha) i dtrialacha scríofa a chaithfear a mharcáil gan a fhios a bheith ag an marcóir cé hé an t-iarrthóir; nó
- gur thug tú iarraidh dul i dteagmháil le ball den bhord roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithé;

Is féidir:

- go n-eisiafar ón bpróiseas roghnúcháin thú; nó
- go luafar 'níl an t-iarrthóir seo ar fáil' le d'iarratas ar feadh bliana.

Ní mór d'aon duine atá ag cur isteach ar phost in institiúidí an Aontais Eorpaigh a léiriú go bhfuil sé sár-ionraic iontaofa. Má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaouis, is féidir go ngearrfar pionós ort agus is féidir go ndéanfar dochar do d'incháilitheacht i bpróisis roghnúcháin eile.

[Deireadh IARSCRÍBHINN III. Clíceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)

IARSCRÍBHINN IV – EOLAS BREISE AR NA TRIALACHA AR RÍOMHAIRE I **bhFORMÁID SHOLÉITE**

Sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 1 a dhéanfar na trialacha réasúnaíochta (briathartha, uimhriúil agus teibí). Má éiríonn leat, beidh do thorthaí bailí go ceann 10 mbliana.

Tá 20 ceist sa triail réasúnaíochta briathartha agus maireann sí 35 nóiméad. Is é 10/20 an pasmharc.

Tá 10 gceist sa triail réasúnaíochta uimhriúla agus maireann sí 20 nóiméad. Is é 10/20 an pasmharc don triail sin agus an triail réasúnaíochta briathartha le chéile.

Tá 10 gceist sa triail réasúnaíochta teibí agus maireann sí 10 nóiméad. Is é 10/20 an pasmharc don triail sin agus an triail réasúnaíochta uimhriúla le chéile.

Sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 a dhéanfar an triail inniúlachta. Tá 25 ceist sa triail sin agus maireann sí 50 nóiméad. Is é 13/25 an pasmharc do Ghrúpa Feidhme II agus Grúpa Feidhme III agus is é 16/25 an pasmharc do Ghrúpa Feidhme IV. Má éiríonn leat, beidh do thorthaí bailí go ceann 5 bliana.

Sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 a dhéanfar na trialacha tuisceana teanga. Tá 12 ceist sa triail sin agus maireann sí 30 nóiméad. Is é 6 as 12 an pasmharc do Ghrúpa Feidhme III agus is é 7 as 12 an pasmharc do Ghrúpa Feidhme IV. Má éiríonn leat, beidh do thorthaí bailí go ceann 5 bliana.

[Deireadh IARSCRÍBHINN IV. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)